

Biseach 2010



Iris Chumann Forvarma Ghois Fharrage

€ 7.00



NUI Galway
Oċ Gaillimh



GAILLIMH



AN CHEATHRÚ RUA



CARNA



GAOTH DOBHAI



Tá réimse leathan cúrsaí fochéime agus iarchéime á dtairiscint ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí an Acadaimh oideachas tríú leibhéal den chéad scoth a chur ar fáil do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta. Tá díograis na hOllscoile don Ghaeilge le feiceáil inár straitéis; an seomra ranga agus an tsaotharlann taighde a thabhairt chuig an nGaeltacht agus tacú leis na pobail sin féinspleáchas cearnaimíoch agus teangalárnach a bhaint amach.

Chun breis colais a fháil, déan teagmháil le:

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

Teileafón: 091 595101 / Facs: 091 595011

Ríomhphost: caroline.nifhlatharta@oegaillimh.ie

Idirlión: www.acadamh.ie

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

“Déanfaidh muid gaisce le chéile”

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo



Córas le do chuntas
a sheiceáil ar-líne ag
www.cccholmcille.ie

Cárta ATM



lasachtaí clúdaithe ag 5%

Uaireanta Oscailte

An Cnoc

Luan, Máirt 10.30-4.00

Déardaoin, Aoine 10.30 – 5.00

Satharn 9.30 – 2.30

An Cheathrú Rua

Déardaoin 10.30 – 5.00

Aoine 10.30 – 5.00

Satharn 10.30 – 2.30

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091) 593421. Faics: (091) 593089. Ríomhphost: ccccteo@eircom.net

Teil: (091) 869915 – oifig na Ceathrún Rua

Polairt Sóisialaí agus Cultúr



Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
Teil: (091) 503100
Facs: (091) 503101

Baile Mhic Íre
Maigh Chromtha
Co. Chorcaí
Teil: (026) 45366
Facs: (026) 45423

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
Co. Dhún na nGall
Teil: (074) 9560100
Facs: (074) 9560101

Páirc Ghnó an Daingin
An Daingean
Co. Chiarraí
Teil: (066) 9150100
Facs: (066) 9150101

Áislann Bhéal an Mhuirthead
Béal an Mhuirthead
Co. Mhaigh Eo
Teil: (097) 81418
Facs: (097) 82179

e: eolas@udaras.ie

w: www.udaras.ie



Údarás na Gaeltachta

Biseach 2010

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

AN CLÁR

ÁBHAR	LCH.
Tairbhe an Acadaimh	3
Teálta Uí Fhlannabhra	7
Iontaobhas Niall Mellon	11
An Canónach Micheál	13
Don Rúis le Grá	17
Drámaíocht	23
An Tulaigh	26
Seanfhocla	31
Leabhar Jimmí	36
Thar Sáile	37
Scoil Cholmcille	39
Scoil Sailearna	42
Coláiste Cholmcille	45
Na Breathnaigh	47
Camógaíocht	51
Liathróid Láimhe	53
Siúlóid	58
Siar sna Blianta	59
Páidín an Bhata Mhóir	64

Eagarfhocal

In ainneoin na doininne airgeadais atáthar a fhógairt lá i ndiaidh lae, tá cuid mhór de lucht gnó an cheantair tar éis lámh a chur go doimhin ina bpóca aríst i mbliana chun cuidiú go flaithiúil leis an eagrán reatha seo den iris BISEACH trí fhógraíocht a a chur ar fail di. Níor mhiste do mhuintir na háite an fhlaithiúlacht sin a chúiteamh ar ais leo nuair a théann amach ag ceannacht agus ag siopadóireacht in áit a bheith ag caitheamh an airgid istigh sa mbaile mór. Má thugann muid fhéin tacaíocht dá chéile sa gcruatan reatha seo tiocfaidh muid ar fad slán as mar a rinneadh go minic cheana.

Tá buíochas mór dlite freisin don uile dhuine a chuir altanna agus pictiúir ar fail don iris seo aríst eile, mar atá déanta acu leis na blianta. Murach an obair dheonach ar fad a dhéanann daoine go fonnmhar ar fud an cheantair is iomaí duine a bheadh fágtha ar an bhfaraor ghéar, go háithrid na daoine óga a bhfuil seirbhís agus áiseanna spóirt den scoth á gcur ar fail dóibh mar chaitheamh aimsire. Agus go deimhin tá comhghairdeas ag dul do na daoine óga céanna sin atá ag baint tairbhe den scoth as a bhfuil ar fail acu, agus iad ag déanamh éachtaí spóirt go háitiúil, ar fud an chontae, ag an leibhéal náisiúnta agus fiú ag an leibhéal domhanda lena gcuid gaiscí i gcúirteanna liathróid láimhe.

Baineadh muid fuinneamh agus

sásamh as obair agus as éachtaí phobal an pharóiste seo, agus ná tagadh aon lagachan mhisnigh orainn má thiteann lúb ar lár ó am go chéile. Caithfear díriú isteach ar a leithéidí de chásanna, gan dabht, agus iarracht a dhéanamh iad a réiteach as an mbealach, ach leanadh muid orainn ina dhiaidh sin ag tacú lena chéile, idir óg agus aosta, ag déanamh mórtais as a bhfuil bainte amach go dtí seo agus ag díriú ar an obair atá fós le déanamh.

Chuige sin, teastaíonn cabhair agus cúnamh agus teastaíonn daoine le obair dheonach a dhéanamh. Mar sin, má tá aon am le sparáil agat tá neart coistí thar sa gceantar a bhíonn ag iarraidh lámh chúnta i gconaí agus beidh míle fáilte acu roimh do bhallraíocht, tá mé cinnte. Má tá spéis agat sin a dhéanamh, níl ort ach teagmháil a dhéanamh le haon duine atá ar aon cheann de na coistí spóirt nó forbartha agus cuirfidh siad sin ar an eolas thú.

Mar fhocal scoir, bheirim míle buíochas aríst don uile dhuine a thug ábhar nó cúnamh chun BISEACH 2010 a chur ar fáil agus tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo. Go raibh Nollaig mhór mhaith agaibh ar fad, an mhuintir sa mbaile agus gach a bhfuil thar sáile, agus go mba seacht fearr a bheas muid uilig bliain ón am seo.

Clúdach tosaigh: An Teálta nua a tógadh ag Tearmann Éanna in omós don Ath. Micheál Ó Flannabhra. Seán Ó Raighne a thóg an pictiúr.

FORBAIRT M.B.B TEO.



CONRAITHEOIR TÓGÁLA/BUILDING CONTRACTOR

Aille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón/Faics: (091) 505955

Fón Póca/mobile: (087) 9294273 / (087) 2100406

Rphost/email: micheal@forbairtmbb.ie
www.forbairtmbb.ie

Uimh. CBL/VAT No.6417583F (C2 Registered)

Réiteach Láithreán Tógála
Seirbhís Innealra

Is Muid a Thóg an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh

Tairbhe an Acadaimh don Ghaeltacht

le Peadar Mac an Iomaire

Indeireadh na naoú haoise déag bunaíodh Conradh na Gaeilge le meath na Gaeilge sna pobail ina raibh sí á labhairt a mhaolú nó a chur ar ais agus chun cinn. Chlis ar an aidhm sin, ach d'éirigh leis an gConradh airdeall faoin nGaeilge a spreagadh i roinnt de mheánaicme na tíre agus roinnt mhaith daoine a chur á foghlaim den chéad uair.

Bhí daoine díograiseacha ón nGhaeltacht faoi dhraíocht ag Gluaiseacht na hAthbheochana agus thugadar gach uile chúnamh di. Ní fhaca na díograiseoirí Gaeltachta sin aon bhealach ina bhféadfaidís leigheas sciobtha a fháil ar ghéarchéim a muintire féin tríd an ngluaiseacht sin.

Bunaíodh Ollscoil na hÉireann in 1908 agus an Ghaeilge riachtanach do dhaoine a bhí ag clárú mar mhic léinn inti. Bailíodh ábhar Gaeilge ón nGhaeltacht. Ritheadh Acht Phríomh-Scoile na Gaillimhe i 1929, acht a shábháil

Coláiste na hOllscoile, Gaillimh óna doirse a bheith dúnta. Go deimhin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ollscoil i nGaillimh inniu murach an tAcht sin. D'fhéach na scoláirí Gaeilge ar an nGhaeltacht mar ghlan-tobar na Gaeilge. Bhíothas ag rá le cainteoirí maithe Gaeilge na Gaeltachta nach mbeadh a leithéidí arís ann agus chreid lucht Gaeltachta an chaint sin, rud ab ionann agus leachtú an phobail agus na muintire. Seans gur chuidigh an dearcadh sin leis an tuairim gur trí cheannas seachtrach a d'fhéadfaí pobal na Gaeltachta a shlánú.

Córais Rialtais

Níor chuidigh an córas lárnaithe rialtais a thóg stát nua na hÉireann chuige féin ná an córas lárnaithe oideachais ach an oiread. Is é an trua nár dhírigh na cláir forbartha geilleagracha i ndeireadh na gcaogaidí agus na seascaidí ar fhorbairt réigiúnach, mar is éard a rinne an córas lárnaithe rialtais go ndearnadh lárnú ar na pobail imeallaithe mar thoradh ar chóras lárnaithe an stáit.

Chuidigh Gluaiseacht na gComharchumann agus gluaiseachtaí éagsúla Gaeltachta

sna seascaidí agus ó shin le hairdeall a dhíriú ar an treo ina raibh meabhair chinn na bpobal Gaeilge sa Ghaeltacht ag imeacht. Bhí an córas lárnaithe ag díriú na bpobal ar na cathracha le haghaidh oideachais. Bhíothas freisin á ndíriú ar na cathracha in Éirinn agus thar lear le haghaidh fostaíochta.

Ba chomhoibriú idir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, na gluaiseachtaí Gaeltachta a raibh leas a bpobal féin ar a n-aire acu, agus na heagraíochtaí stáit a bunaíodh le freastal ar riachtanais phobal na Gaeilge, mar An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta, a d'oibrigh as lámh a chéile le hAcadamh



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh



www.ponc.ie

TG 4

na hOllscolaíochta Gaeilge a bhunú ar mhaithe le hollscolaíocht phobail, ollscolaíocht tuaithe a bhunú sa Ghaeltacht.

Sna seascaidí agus ó shin, cuidíodh leis an gcaidreamh idir ollscoil agus pobail a neartú trí fheachtais phobail mar an feachtas le hÚdarás Gaeltachta a fháil, Raidió na Gaeltachta, TG4, riachtanais pobail mar soláthar uisce, áiseanna pobail mar pháirceanna imeartha, hallaí tionóil agus seirbhísí pobail eile m.sh., cúram don aosach, cúram don óige a fháil trí cháipéisí taighde a ullmhú san Ollscoil ar mhaithe le cás a dhéanamh le hacmhainní a fháil do na seirbhísí sin. Cuidíodh le bunú struchtúir áitiúla pobail agus freisin tugadh faoi phleanáil straitéiseach a dhéanamh ag leibhéal pobail le comharchumainn agus le heagraíochtaí eile pobalbhunaithe a láidriú.

An tAcadamh

I 2004 a bunaíodh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, ach d'fhás sé as na hionaid Ghaeltachta a bhí bunaithe le cabhair ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le blianta fada roimhe sin. Is é spriocráiteas Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, *“ceannródaíocht a spreagadh agus a léiriú i measc phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di, ceannródaíocht a chuirfidh le forbairt shóisialta, chultúrtha, eacnamaíoch agus teanga an phobail sin agus phobal na tíre trí chéile”*.

Tá curtha roimhe ag an Acadamh a spriocráiteas a chomhlíonadh trí fhorbairt a dhéanamh ar chúrsaí, ar thaighde, ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí ollscoile trí mheán na Gaeilge. Is é an mana atá ag an Acadamh – *“Déanfaidh muid gaisce le chéile”*. Páirteach sa ghaisce sin tá comhlúadar na hOllscoile féin, an stát agus an pobal.

Tá an Ollscoil ag tairiscint raon leathan cúrsaí agus clár taighde i réimsí comhaimseartha sa Ghaeltacht ar a n-áirítear; An Ghaeilge Fheidhmeach, An Chumarsáid, An tAistriúchán, Ateangaireacht, Reachtaíocht agus Dlí, Teicneolaíocht an Eolais, An tOideachas, Cultúr agus

Oidhreacht, Gnó agus Riarachán agus Pleanáil Teanga.

An toradh atá air seo ar fad, go bhfuiltear ag iarraidh an óige a choinneáil sa Ghaeltacht, céimithe a bheith ar fáil i réimsí ina bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo d'fhorbairt na Gaeltachta mar phobal Gaeilge le saineolas i réimsí éagsúla léinn. Tuigeann an tAcadamh go leanann poist an t-eolas. Tuigeann Údarás na Gaeltachta tábhacht na straitéise thuasluaite mar bhealach lena gclár forbartha fostaíochta féin don Ghaeltacht a chur chun cinn. Tá sé curtha roimhe ag an Acadamh staid agus próifíl na Gaeilge a láidriú sa phobal. Cuidíonn an ghníomhaíocht seo le bá agus tacaíocht a chruthú don Ghaeilge mar theanga chomhaimseartha, bhríomhar agus í a neartú le go mbeidh sí á húsáid go forleathan i ngach uile réimse de shaol na Gaeltachta agus na tíre. Is é an toradh a bheidh air seo, go mbeidh tuiscint níos fearr ag an bpobal ar na deiseanna nua a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge – deiseanna atá ag éirí as Acht na dTeangacha Oifigiúla, Stádas Oifigiúil agus Oibre ag an nGaeilge san Aontas Eorpach, chomh maith le fostaíocht in earnálacha nua.

Is cinnte go dtiocfaidh ann d'obair theangalárnaithe mar tá an folús atá fágtha ag lagú na dtionscail déantúsaíochta ag cur go mór leis an riachtanas atá le fostaíocht eolasbhunaithe agus theangalárnaithe ó cheann ceann na Gaeltachta. I réimse na forbartha pobail, tá sé riachtanach go mbeidh riar leathan saineolais agus taithí ag daoine a chuideoidh le coistí agus le grúpaí deonacha tionscnaimh a bheidh ar mhaithe leis an bpobal a fhorbairt agus a fheidhmiú sa Ghaeltacht.

Fostaíocht

Faoi láthair tá os cionn leathchéad duine fostaithe ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sa Ghaeltacht. Glacann cuid mhór díobh sin páirt agus ceannasaíocht i gcoistí agus i ngrúpaí sa Ghaeltacht. Roinneann siad a gcuid saineolais le linn de phleananna forbartha teanga agus pobail a bheith á gcur chun cinn ina bpobal. Tá de thoradh ar an

gcleachtas seo go bhfuil próiseas pleanála teanga á chomhtháthú le forbairt phobail féin.

Tá dearcadh dearfach á chruthú i leith na Gaeilge mar mhóracmhainn fhorbartha i measc an phobail. Tá an pobal ag glacadh úinéireachta ar an acmhainn seo agus tá sé páirteach sa phleanáil Ghaeilge lena caomhnú, lena cothú agus lena forbairt.

Tá sé mar chuspóir ag Ionaid Ghaeltachta na hOllscoile agus ag na fo-ionaid ollscolaíochta atá fástá astu, bonneagar Gaeltachta teangalárnaithe a fhorbairt. Tá sé riachtanach go ndéanfar sin le go mbeidh acmhainní na Gaeltachta, idir acmhainní fhisiciúla, dhaonna, eagraíochtúla agus nádúrtha, dírithe ar iompar agus ar bhuanú na Gaeilge mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht.

Feidhmíonn na hionaid seo mar lárionaid eolais ag soláthar áiseanna, acmhainní agus sainchomhairle. Is cuid lárnach anois iad na hionaid Ghaeilge sa Ghaeltacht de bhonneagar na gceantar Gaeltachta ina bhfuil siad lonnaithe. Tá tionchar mór ag foireann na n-ionad seo ar mhúnlú an bhonneagair shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch atá báúil do chur chun cinn na Gaeilge agus d'fhorbairt an phobail.

- Tá clár taighde agus comhairleoireachta ag an Acadamh atá dúshlánach.
- Tá taighde déanta aige ar staid reatha na scoileanna Gaeltachta.
- Tá staidéar teangeolaíoch ar an nGaeltacht déanta aige chomh maith.
- Tá digitíú á dhéanamh aige ar chartlann Raidió na Gaeltachta.
- Tá digitíú á dhéanamh ar bhailiúchán béaloidis ó Iorras Aintheach.
- Tá pleanáil fheidhmeach teanga ar siúl le pobail éagsúla.
- Tá obair ar siúl le Foras na Gaeilge agus le roinnt comharchumann sa Ghaeltacht.

Is léir go bhfuil an tAcadamh mar acmhainn agus mar shnáth ceangail i bhforbairt na Gaeltachta. Is féidir glacadh leis anois go mbeidh níos mó de na mic léinn iar-Ardteistiméireachta ag freastal ar

chúrsaí tríd leibhéal in ionaid Ghaeltachta na hOllscoile a bheidh ag cur le beocht na bpobal. Is féidir a bheith ag súil go mbeidh níos mó mac léinn páirteimeartha ag freastal ar chúrsaí ollscolaíochta trí Ghaeilge agus de bhrí go bhfuil siad sin curtha fúthu sna pobail Ghaeilge cheana féin, nuair a bheidh a gcuid cáilíochtaí oideachais bainte amach acu, gur sna pobail sin a fhanfaidh siad lena gcuid oiliúna agus saineolais agus gur sna pobail sin a bheidh toradh a gcuid staidéir agus a gcuid léinn á roinnt acu agus go mbeidh sé sin á roinnt acu trí mheán na Gaeilge.

Tá i bhfad níos mó mac léinn ag glacadh oideachais den dara seans sa Ghaeltacht ó bunaíodh an tAcadamh. Tugann sé seo dóchas faoi leith dúinn le fostaíocht eolasbhunaithe a chur chun cinn agus comhoibriú a dhéanamh idir an Ollscoil, tionscnóirí agus lucht cruthaithe fostaíochta ar mhaithe leis an bhfostaíocht eolasbhunaithe a chruthú agus a chothú.

Is gá i bhfad níos mó airgid a chaitheamh ar thaighde, ar fhorbairt agus ar nuálaíocht. I dtuarascáil an OECD ar ollscoileanna na hÉireann cúpla bliain ó shin, cuirtear béim faoi leith ar an taighde. Seo réimse inar féidir leis an Acadamh éacht a dhéanamh ar son an phobail:

- Trí bheith ag infheistíocht i dtaighde, i bhforbairt agus i nuálaíocht a bhaineann le forbairt

Ghaeltachta a chur chun cinn, tá dúshlán agus seansanna ar fáil sa réimse comhoibrithe idir Ollscoil, an stát agus an pobal.

- Ó bunaíodh an tAcadamh i 2004, tá sé tar éis dul chun cinn mór a dhéanamh i bhforbairt ollscolaíocht tuaithe trí Ghaeilge.
- Tá sé tar éis cuidiú le láidriú na tuaithe.
- Tá sé tar éis croí agus misneach a chur sna pobail ina bhfuil sé ag feidhmiú.
- Tá ag éirí leis meas an phobail a mhéadú ar a n-áit dhúchais agus meas pobail eile ar an nGaeltacht agus ar phobal na Gaeltachta a mhéadú.
- Tá ag éirí leis an Acadamh taighde a úsáid le seirbhísí pobail agus obair atá ceangailte leis an eolas agus leis an nGaeilge a chur chun cinn.
- Cruthaíonn an tAcadamh ceangal idir an Ghaeltacht agus ollscoileanna thar lear.
- Is mór ag an Acadamh tógáil ar shuíl daonna agus iad a úsáid ar mhaithe le forás eisceachtúil daoine a bhfuil aird agus meas acu ar dhul chun cinn a chéile agus a dtaobh tíre.

Is gá dul chun cinn an Acadaimh a choinneáil ag fás agus é a cheiliúradh go rialta. Ní mór an difríocht atá idir a chur chuige agus

an cur chuige atá ag an earnáil thraidisiúnta ollscolaíochta a aithint agus a choinneáil i gcuimhne. Ba mhaith linne go bhfeicfí an tAcadamh mar bheocht agus mar dhíograis nua sa bhforbairt i seirbhísí phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di.

Freastal

Freastalaíonn an tAcadamh ar raon leathan feidhmeannaigh agus tá struchtúir bhainistíochta an Acadaimh leagtha amach le sin a éascú don Acadamh, dá fhoireann agus go háirithe dá phobal.

Tá úinéireacht á ghlacadh ag pobail Ghaeltachta ar na forbairtí ollscolaíochta atá ag tarlú ina bpobail féin. Tá i bhfad níos mó mac léinn fásta ón nGaeltacht ag teacht ar chúrsaí céime agus iarchéime in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh de bharr gníomhaíochtaí an Acadaimh sa Ghaeltacht.

Thug an *Sunday Times* moladh faoi leith do chláracha nuálacha trí Ghaeilge an Acadaimh agus é ag ainmniú Ollscoil na hÉireann Gaillimh sa chéad áit as ollscoileanna uile na hÉireann dá ghradam *Ollscoil na Bliana* le gairid. Sa chomhoibriú leanúnach idir an Ollscoil, an stát agus pobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di, oibreoidh muid as lámha a chéile le go gcinnteoidh muid go mbeidh ár leithéidí arís ann mar is é díothú an chine a bheadh mar thoradh ar a mhalairt.

An Sagart Pobail Nua

Is é an tAth. Liam Ó Raghallaigh, S.P. atá ceaptha mar shagart pobail i bparóiste an Chnoic i gcomharbas ar an gCanónach Micheál Ó Flannabhra atá éirithe as a chuid dualgas sagartóireachta. As Clár Chlainne Mhuiris don Ath. Ó Raghallaigh ó dhúchas agus tá sé ina shagart le cúig bliana déag agus fiche. Tá cuid mhór den am sin caite i gConamara aige agus tréimhsí déanta aige in Árann, i gCarna ar an bhFairche agus i gCorr na Móna sular seoladh go Cois Fharraige é, áit a bhfuil Séipéal na Tulaí faoina chúram chomh maith le Séipéal an Chnoic, os rud é nár cuireadh aon sagart in ionad an Chanónaigh Colm Ó Ceannabháin atá éirithe as a chuid cúram ar an Tulaigh.

Guímid gach rath agus séan ar an Ath. Ó Raghallaigh ina chuid dualgas nua.



Oscailt Theálta Uí Fhlannabhra ag Tearmann Éanna ar an Tulaigh

Peigí Uí Chéidigh

Bhailigh na sluaite daoine ó Chois Fharraige agus ó chuile cheard de Chonamara ag ócáid mhór cheiliúrtha na bliana seo in Ionad Lae Thearmann Éanna ar an 25ú lá de Mheitheamh nuair a lainseáladh Teálta Uí Fhlannabhra.

Ag cruinniú na Márta seo caite, sea chinn Coiste Stiúrtha Thearmann Éanna Teo., go nglanfaí agus réiteofaí an garraí beag atá os comhair an Ionaid Lae. Socraíodh an fhorbairt seo a dhéanamh ar mhaithe le go mbeadh an garraí á úsáid mar áis breise ag na rannpháirtithe. Tabharfaidh seo seans dúinn uilig bualadh amach sa ngarraí, na cosa a shíneadh agus aer úr na farraige a shú isteach sna

scamhóga, i dtimpeallacht ina bhfuil áilleacht, spioradáltacht agus an nádúr le n-aireachtáil go láidir. Socraíodh go n-ainmneofaí an garraí in onóir an Athar Mícheál Ó Flannabhra atá mar chathaoirleach ar Choiste Stiúrtha Thearmann Éanna Teo., le os cionn ocht mbliana déag.

Níl dabht ach go bhfuil an-obair déanta ag Tearmann Éanna Teo., i réimse na nAosach faoi



*Jab eile déanta
ag an gCanónach!*



An tAire Éamon Ó Cuív, T.D. ag déanamh na hoscailte ag Teálta Uí Fhlannabhra i gcuideachta chuid de bhaill Choiste Thearmann Éanna agus lucht tacaíochta, ó chlé: Peadar Mac an Iomaire, Máire Uí Chonghaile, Morgan Ó Conchubhair, Máire Uí Chonghaile, Sorcha Nic Dhonnacha, Treasa Uí Lorcáin agus Peigí Uí Chéidigh.



*An Roinn Gnóthaí Pobail,
Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality
and Gaeltacht Affairs*

Tá athbhreithniú ar Chaighdeán Oifigiúil na Gaeilge, an chéad athbhreithniú dá leithéid ó foilsíodh é den chéad uair, faoi lán seoil anois.

Cuirtear moltaí an Choiste Stiúrtha faoi réimsí áirithe de ghramadach na Gaeilge faoi bhráid an phobail agus tugtar deis don phobal a dtuairimí a thabhairt.

Beidh tús á chur leis an tríú tréimhse comhairliúcháin ar an 6ú Deireadh Fómhair 2010 agus ní mór an deis seo a thapú agus do thuairimí ar na moltaí a sheoladh isteach!

Tá an t-eolas go léir ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ag

<http://www.pobail.ie/ie/Lar-AonadAistriuchain/>



Thuas: An tAth. Micheál in éineacht le, ar chúil, ó chlé: Peigí Uí Chéidigh, Aodán Mac Donnacha agus Peadar Mac an Iomaire. Chun tosaigh, ó chlé: Máire Uí Chonghaile, Sorcha Nic Donnacha, Caitlín Uí Fhatharta agus Máire Uí Chonghaile.

stiúir an chathaoirligh thar an tréimhse ama sin. Tá foirgnimh bhreátha, shlachtmhara tógtha agus áiseanna agus seirbhísí den scoth á gcur ar fáil d'Aosaigh an cheantair. Tá scéim tithíochta de thríocha a dó Teach agus an tIonad Lae á riaradh agus á bhainistiú ag Tearmann Éanna Teo.

Thóg Tearmann Éanna Teo., an tIonad Sláinte chomh maith leis an Ionad cónaithe, Aireagal Phóil, chun freastal ar dhaoine ón nGaeltacht a bhfuil riachtanais tithíochta agus cúraim acu. Síneadh ar láimh na foirgnimh sin chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun iad a riaradh agus a bhainistiú.

Tuigtear dúinn gur gearr uainn anois go mbeidh na doirse á n-oscailt ar Aireagal Phóil. "Is fearr an ghaisce a mhaítear ná an ghaisce nach ndéantar."



Cuid de mhuintir an cheantair i gcuideachta a chéile i dTearmann Éanna



Coláiste Chamuis

Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091 593162 Faics: 091 593448 eolas@colaistechamuis.ie

Cúrsaí lántumadh teanga sa Ghaeltacht
Ionaid i gCamus, Tulach agus Ros a'Mhíl



Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 cic@iol.ie www.cic.ie

Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhínneadha

In eagar ag Gearóid Denvir
Clúdach cruu, €25

Cnuasach filíochta le Learaí Phádraic Learaí Ó
Fínneadha, nach maireann, a rugadh agus a tógadh ar
an Lochán Beag in Indreabhán i gCo. na Gaillimhe, ach
a chaith formhór a shaoil naoi nó deich de mhílte níos
faide soir, i mBearna.

Tá dlúthbhaint ag filíocht Learaí lena cheantar agus
lena theanga (sa chiall is leithne den fhocal) dhúchais,
í fréamhaithe go domhain sa traidisiún béil. Tá mór-
aiste sa leabhar freisin ina ndéanann an t-eagarthóir
iníuchadh grinn ar na dánta iad féin agus a gceangal le
filíocht bhéil ar fud an domhain.

Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie



Iontaobhas Niall Mellon san Aifric Theas

Máirín Nic an Iomaire

IMárta na bliana seo caite d'fhág 500 againn, (200 fear agus 300 ban), Éirinn le haghaidh a thabhairt ar an Afraic Theas. An aidhm a bhí againn 73 theach a chríochnú in aon tseachtain amháin. Roimh an turas, bhí €5,000 an duine le bailiú againn. De bharr éifeacht an Choiste a bhí ag tacú liomsa agus gnaíúlacht na ndaoine i gCois Fharraige, d'éirigh liom €11,387.45 a thabhairt liom go dtí an Afraic Theas. Ní raibh ach ár gcosa ar an talamh thall againn nuair a sciobadh muid ar thuras go *Shanty Town*. Botháinín i ndiaidh botháinín déanta as píosaí adhmaid, seanfhuinneoga agus doirse as scipeanna agus díon déanta as píosaí canbháis.

Istigh sna tithe sin chodail na daoine seo ar an talamh agus gan fúthu ach píosaí plaisteacha. Ár ndóigh, bhí gach uile rud ar fáil sa mbaile seo, gruagadóir, beár, poitigéir agus siopaí agus iad uile lonnaithe i seainteáin.

An chéad oíche dúinn san Afraic Theas, bhí fáiltiú ann agus chas muid le Niall Mellon féin. Ag deireadh a chuid cainte spreagúil, bhí muid réidh le bualadh faoin obair ar an bpointe ach cuireadh a chodladh muid le hordú a bheith ar an mbus ag 7.00 maidin lá arna mhárach nó cárta buí a fháil! Turas uair an chloig a bhí ann go dtí an suíomh agus ba mhaith an bealach é le casadh leis na hoibrithe deonacha eile agus a scéal féin ag gach uile dhuine acu. Bhí muid ar fad dírithe ar an jab a bhí romhainn. Daoine as gach uile aicme agus de gach uile aois aontaithe agus spreagtha leis an jab a dhéanamh. Cuireadh fáilte iontach romhainn ar an suíomh agus tar éis éisteacht le cúpla óráid bhuail muid faoin obair. Bhain mise leis an ngrúpa péinteála agus is gearr go raibh na tithe ag iompú buí, gorm agus glas. Bhí dhá chóta vearnais le cur ar na doirse agus ar na fuinneoga agus ba dhá chóta bán a bhí le cur ar na imchásálacha (*arcatrives*). Bhí beirt seasta ar an mbóthar ag roinnt amach uisce agus *Factor 40* leis an ngrian a stopadh ó muid a dhó. Bhí siad romhat arís ag na briseacha ag déanamh cinnte gur ól muid deochanna leis an uisce a choinneáil sa gcolainn agus go raibh ár lámha glanta againn sula

n-íosfadh muid aon bhia. Ag 3.00pm fuair muid deaisín (líreacán reoite) agus is é a bhí blasta. Thosaíodh muid ag glanadh suas ag 4.45 san iarnóin agus bhaineadh muid an t-óstán amach ag 6.00 sa tráthnóna, brocach, salach agus tuirseach.

Ag 7.00p.m. bhíodh muid glanta sciúrtha. Bhíodh muid réidh le dhul ar thuras nó a dhul ag ithe nó a dhul go dtí na hArches áit a mbíodh ceol agus scléip. Is ann a chonaic muid an cluiche mór rugbaí idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag, an *Grand Slam*. 470 Éireannach agus 4 as an mBreatain Bheag le chéile. Ní fhéadfadh an t-atmásféar a bheith níos fearr i gCardiff Park féin.

Bhí turais ón suíomh go dtí scoil, naíonra, dílleachtlan agus seantán ar mhaithe le go dtuigfeadh muid an gá a bhí leis an obair atá an t-iontaobhas a dhéanamh. Bhí dóchas againn tar éis an naíonra agus an scoil a fheiceáil ach faraor bhí drochbhail orainn tar éis an droch-chaoi a chonaic muid ar chuid de na daoine sna seantáin agus sa dílleachtlan. Chuir a bhfaca muid idir fhearg agus dhíocas orainn le hoibriú níos díocasaf. Is iomaí maidin a bhí Niall Mellon ar an suíomh romhainn agus ann inár ndiaidh. Bhí sé le feiceáil go minic ag tabhairt cúnaimh, ag glacadh buíochais leis na hoibrithe deonacha agus ár spreagadh.



Sampla den chineál oibre a dhéanann Iontaobhas Niall Mellon.

An Obair Déanta

Ag deireadh na seachtaine bhí 110 dteach péinteáilte agus 78 dteach críochnaithe go hiomlán. Bhí sé d'ónóir ag gach uile ghrúpa teach críochnaithe a bhronnadh ar chlann. Ghlan muid agus sciúr muid é. Chuir muid bratach na hÉireann air, cloch le 'Fáilte' scríofa uirthi in aice leis an doras agus comhartha eile 'Is féidir linn', mana an ghrúpa againne, os cionn an dorais. Sileadh go leor deora ag an mbronnadh. Bean bhocht 67 mbliana d'aois, cripleáilte le scoilteacha, a bhí 35 bliana ag fanacht le teach a fuair an teach a bhronn muide. Sa deireadh thiar thall bhí áit aici le díon ceart os a cionn, uisce reatha agus leithreas sa teach agus doras a bhí sí in ann a ghlasáil san oíche. Mhothaigh sí sábháilte faoi dheireadh.

Ina dhiaidh sin, bhailigh muid le chéile. Labhair an Méara agus Niall Mellon linn. Bhí scléip bheag eagraithe idir muid féin agus muintir na háite. Ba iad na daoine gorma i dtosach a thosaigh ag damhsa agus ag casadh a gcuid amhrán dúinn agus chríochnaigh

muid suas le gach uile dhuine againne ag rá an *Poc ar Buile*. Tá mé cinnte go raibh muid le cloisteáil i gCape Town. D'fhág muid an suíomh tuirseach ach sona, sásta go raibh saol 78 gclann athraithe chun feabhais againn. Níor thug mise agus an grúpa ach seachtain dár saol le cuidiú leis an bpobal seo. Tá duine as Cois Fharraige, An tAth. Pádraig Steve Ó Neachtain a bhfuil blianta fada dá shaol tugtha aige ag obair san Aifric Theas. Chas mé leis thall agus chuaigh an obair iontach atá ar siúl aige go mór i bhfeidhm orm. Ní chuimhin liom an turas abhaile mar chodail mé ó Chape Town go Baile Locha Riach.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le gach uile dhuine a thug an deis dom an turas seo a

dhéanamh. Bhain mé fíor shásamh as. Bhí an-chraic againn agus bhí an-sprid eadrainn. Rinne muid neart gáirí ach bhí deora tríd. Seasfaidh an obair agus an cairdeas a rinneadh an tseachtain sin ar feadh na mblianta.

* * *



Rith 2010

I Mí Feabhra seo caite shocraigh an scoil s'againne go nglacadh muid páirt sa bhfeachtas "Rith 2010" ar Lá 'le Pádraig. Ba í an múinteoir Cristín Nic Raghnaill a ghlac freagracht as an feachtas a eagrú sa scoil. Bhí tacaíocht iontach ó phobal uile na scoile agus tháinig slua mór amach ar mhaidin Lá 'le Pádraig chun rith ó Halla na Tulaí go dtí bóthar an aerfoirt. Ba í Kianna Ní Mhárta a bhí i Rang a 1 ag an am a thóg an "baton" ó Mháire Treasa, TG4.



An Canónach Mícheál Ó Flannabhra

Peadar Mac an Iomaire

Tá leathchéad bliain caite ag an gCanónach Mícheál Ó Flannabhra i seirbhís Dé ag cuidiú le leas spioradálta na ndaoine agus le saol níos fearr a chruthú do na pobail ar oibrigh sé ina measc. Is duine é atá iontach do dhaoine nach bhfuil in ann oibriú ar a son féin. Chuidigh sé leis an té a bhí thíos agus ní raibh a fhios ag aon duine eile faoina ndearna sé. Bhí sé ar fáil lá agus oíche do theaghlach nó do dhaoine sa bparóiste le leas a dhéanamh dóibh nó le sólás a thabhairt dóibh.

Chaith sé a shaol ag cuartú tacaíocht Stáit ar son an phobail. Tá an paróiste fíorbhuíoch dó as sin agus táthar buíoch freisin don dream a thug aird ar a chuid iarratas, rud nach raibh éasca mar go raibh go leor acu ann. Níor cloiseadh ariamh é ag brú ar an bpobal ag iarraidh airgid dó féin ná don pharóiste. D'aimsigh sé bealaí eile le hairgead a fháil do na forbairtí móra a rinne sé. Déarfainn go raibh baint aige le os cionn €20 milliún a thabhairt isteach sa gceantar seo in imeacht scór blianta.

Bhí leas óige na gceantar ina raibh sé ar a aire aige agus bhí sé ag iarraidh chuile dhuine, idir óg agus aosta, a chur chun cinn. Thuig sé cruatan an tsaoil agus chinntigh sé go laghdódh sé an cruatan sin ar na pobail a cuireadh faoina chúram mar shagart. Thuig sé tábhacht an taispeántais agus an chomórtais ar mhaithe le daoine a spreagadh chun gnímh. Ba mhinic leis buanna an phobail seo ar pháirc na himeartha a fhógairt ón altóir.

Coistí

Chaith sé blianta ar Choiste Náisiúnta Ghlór na nGael. Ar an Tulaigh dó, bheannaigh sé TG4 go luath tar éis a theacht dó. Chuir sé roimhe méadú ar a chur ar Scoil na Tulaí. Is é Cathaoirleach Thearmann Ainnín agus Thearmann Éanna.



An Canónach i mbun comhrá

Chaith sé blianta ar choiste an Chomharchumainn. Ba lena linn a rinneadh Scéim Uisce Dhoire Choill, agus cuireadh méadú ar na píopaí ón Spidéal go crosbhóthar Ros an Mhíl. Léirigh sé gurbh é leas na háite cúram na scéimeanna uisce a chur ar an gComhairle Contae. Tá sé faoi láthair ag cuidiú le muilte gaoithe a thógáil, a mbeadh cuid den bhrabach uathu á úsáid leis an obair phobail i gceantar an chomharchumainn a mhaoiniú.

An Ghaeilge

Chuir sé d'anró air féin máistreacht a fháil ar an teanga Ghaeilge le go mbeadh sé in ann seirbhís den scoth a thabhairt do phobal na Gaeltachta. Mar scoláire Gaeilge agus pleanála teanga chuidigh sé le Coláistí Gaeilge ar thrí chúis:-

- An Ghaeilge a léiriú mar acmhainn luachmhar don cheantar agus don tír;
- Deis mhaireachtála a chruthú do lucht na dtithe lóistín agus a mbíonn ag freastal ar scoláirí;
- Seans ag óige an cheantair meascadh lena gcomhaoiseacha ó cheantair eile, daoine a bhfuil suim acu teanga ár sinsear chomh maith le nósanna agus bealaí na tuaithe a fhoghlaim ó mhuintir an cheantair, agus deis ag óige an cheantair foghlaim uathu.

Ba lena linn a deisíodh Seanscoil an Chnoic. Chuidigh sé le deasú a dhéanamh ar an dá shéipéal agus timpeall orthu. Is pléisiúr an leagan amach atá ar na reiligi. Léirigh sé a cheannródaíocht trí dheis a thabhairt an tIonad Tacaíocht Teaghlach a thógáil ar chúl an tSéipéil. Is fear é a thuig na stáisiúin agus tábhacht na stáisiún. Is maith leis an traidisiún sin a choinneáil beo sa bpobal. Bhain sé úsáid as scéimeanna FÁS ar mhaithe leis an gceantar. Chuidigh sé freisin leis an



Ag dinnéar an Ath. Micheál

*Ar barr, ó chlé, Caitlín Nic an
Ultaigh agus Máire Denvoir ag
an searmanas bronnta.*

*Ar chlé, Cathaoirleach
Chumann Forbartha Chois
Fharraige, Seosamh Ó Braonáin,
ag bronnadh péintéireachta ar
an gCanónach.*

*Thíos agus thall: cuid den slua a
bhí i láthair ag an bhféasta.*

Seán Ó Ráighne a ghlac na pictiúir





bpáirc uile-aimsire ag Coláiste Cholm Cille. Mar Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta Scoil Sailearna, chuidigh sé le méadú mór a fháil curtha ar an scoil agus feabhas ar áiseanna na Scoile. Bhí sé ag spreagadh polaiteoirí agus státseirbhísigh fiú i dtús na seachtaine deiridh sa bpobal leis an méadú is deireanaí atá á phleanáil don scoil seo a fháil brúite ar

aghaidh sula n-imeodh sé. D'éirigh leis an sprioc sin a chur i gcrích.

Tá a chroí sa gComhar Creidmheasa, i bPobal ar Aire, agus sa gCumann Forbartha. D'oibrigh sé le Bóthar Leitir Fir a fháil ach nuair a bhí sin faighte, thosaigh sé ag iarraidh bóthar ó Leitir Fir go Both Loiscthe. Tá daoine den tuairim gurb éard a theastaigh uaidh i ndáiríre comhghéilleadh a thabharfadh an

bóthar taobh thiar de Scoil Sailearna dó le haghaidh sábháilteacht na ngasúr scoile a chinntiú.

Tá buíochas phobal an Chnoic tuillte ag ár sagart paróiste le scór blianta as a bhfuil déanta aige don phobal. Tá buíochas ag dul don Ardeaspag a d'fhág an Sagart cumasach, ildánach, eisceachtúil seo inár measc ar feadh scór blianta. Tá muid fíorbhuíoch do Dhia a bhronn raon leathan scileanna agus sláinte air leis an obair mhór a chuir sé roimhe a chur i gcrích. Beifear ag rá nach mbeidh a leithéid arís againn ach tá mé cinnte ón obair a rinne sé féin i chuile phobal dá raibh sé gurb éard a theastaíonn uaidh go mbeadh a leithéid arís ann, ní hamháin ar an gCnoc, agus i chuile cheantar dá raibh sé agus nach duine amháin mar é féin a bheadh ann ach go leor.

Is é an Canónach Ó Flannabhra laoch na forbartha pobail a thaispeáin cruinneas agus críochnúlacht chomh maith le tuiscint agus fadbhreathnaíocht ina chuid oibre agus ina shaol.



*An Canónach Micheál Ó Flannabhra agus a mhuintir
ag fáil faoi réir don ócáid ina ónóir ag an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh.*

Micheál Ó Flannabhra

An Sagart Gaelach

Is fada 'bheas cuimhne ar Mhicheál Ó Flannabhra mar fhear,
S' mar sagart a bhí Gaelach, is a chosain an Ghaeilge as a neart,
Smaoinigh gur sheas sé an fód, gan aon ghéilleadh, is lean
Dá dhualgas don phobal trí Ghaeilge, le misneach is gean.

Fear éifeachtach, seiftiúil, nár scanraigh roimh obair ná stró,
A thuig polaiteoirí, is an bealach a b'fhearr deighleáil leo,
Má bhí plean fiúntach againn, ar mhaithe leis an bpobal, sin ba leor,
Lena chur i mbun gnímh, nó ag scríobh, chuig an roinn chuí, go beo.

An Ghaeilge, an Ghaeltacht, ar a son siúd, sea d'oibrigh go crua,
Is i mbun Ghlór na nGael, sa bparóiste, ba mhinic a bhuaigh
Na duaiseanna móra, a chaitheadh ar fhorbairt, le stuaim,
Tríd an gCumann Forbartha, ar a raibh sé 'na cheann, á stiúr'.

Molaim an fear a bhí cliste, a bhí géar, agus léannta,
Bhí samhlaíocht aige, bhí sé fuinniúil agus obair á déanamh,
Ba dheas ár gcomhoibriú, dár gcuspóir, dár ndualgas doshéanta,
Forbairt an phobail trí mheán na Gaeilge, gan staonadh.

Slán leat anois, a chomrádaí, atá le himeacht go luath,
Guímse gach rath ort, agus blianta fada gan ghruaim,
Ní ligfidh tú maidí le sruth, tá mé cinnte, dod' dheoin,
Beidh an Ghaeilge dá caomhnú, ag Micheál Ó Flannabhra, lena bheo.

Brian Ó Baoill



Teálta Uí Fhlannabhra ar an Tulaigh.

Don Rúis le Grá

Máirtín Ó Dubhghaill

Tháinig muintir Chois Fharraige amach ina sluaite arís i mbliana le tacaíocht a thabhairt don charthanacht seo. Bhí slua mór i láthair Tigh Mholly ar an 7ú lá de Lúnasa don oíche ceoil agus craic a reáchtáil Cumann Drámaíochta Chois Fharraige. Bhí Debbie Deegan, buanaitheoir na Carthanachta, i láthair agus ghlac sí buíochas óna croí le Cumann Drámaíochta Chois Fharraige agus le Máire Ní Mháille, Bridie Nic Cormaic, Peadar Ó Máille, Cian Ó Tuathail agus Gearóid Ó Máille as ucht an tacaíocht atá tugtha acu do “To Russia with Love” le blianta anuas. Mhol sí pobal Chonamara go hard as ucht an bhflaithiúlachta.

Bhí Raifil mór ann agus go leor spot-dhuaiseanna bronnta ag comhlachtaí agus siopaí áitiúla chomh maith le duaiseanna ó mhuintir na háite. Bhuaigh Seosamh ó Braonáin an chéad duais, rothar breá bronnta ag Gerry Tobin as Baile Áth Cliath.

Bhí cailín Rúiseach i láthair freisin, Vica, atá tosaithe anois ag staidéir san ollscoil i Moscó le bheith ina máinlia! An chéad dílleachta riamh sa Rúis a bhain an chéim seo amach. Buíochas do TRWL agus na síntiúis ghnaíúla ó mhuintir Chois Fharraige. Bhí Vica 8 mbliana d’aois nuair a thosaigh muid ag cuidiú leis na gasúir in Hortolova. Anois, agus í 21 bliain, ta sí an-bhuíoch don chúnamh a fuair sí leis an dul chun cinn sin a dhéanamh. Bhain sí an-sult as an oíche agus bhí sí ar dhuine de na daoine deireannacha a d’fhág an pub! Bailíodh €1,430 ar an oíche. Nár laga Dia sibh!

Ag “Maidin Caifé” Tigh Chualáin ar an 27 lá de Lúnasa, a d’eagraigh Nóra Uí Chualáin, Neasa Uí Chonghaile, Ann Uí Thuathail agus Mary Ní Ghabhnáin, bailíodh €530. Tháinig go leor de mhuintir na háite chuig an ócáid taitneamhach seo le tacú leis an ngluaiseacht agus rinne mé cur síos ar a bhfuil déanta amuigh i Hortolova ó 1998.

Bhí oíche mhór ceoil agus craic Tigh Hughes ar an 10ú Meán Fómhair. Breda Hughes, Timmy Ó Flaithearta, a mháthair Sally agus Lily Uí Fhlatharta a d’eagraigh an oíche seo. Bhí raifil mór ag deireadh

na hoíche seo. Ciarán Ó Ceallaigh ó Telegael a bhuaigh an rothar (arís ó Gerry Tobin) agus bhuaigh Máire Chóil Tom Uí Chonghaile an lampa breá déanta ag Tommy Ó Donnell as an bPáirc Thoir. Bhí ceol ann go maidin agus go leor craic ag an dream a bhí i láthair. Bailíodh €1,250 ar an oíche. Nár laga Dia sibh.

Thar ceann “To Russia with Love” glacaim fíorbhuíochas le chuile dhuine a chuidigh linn i rith an tsamhraidh agus go deimhin i rith na mblianta. Tá sé iontach go bhfuair muintir Cois Fharraige deis le Vica a fheiceáil, toradh a bhflaithiúlachta

féin. Le cúnamh Dé bainfidh sí ceann scríbe amach san ollscoil agus ní dhéanfaidh sí dearmad go deo ar an gcúnamh a fuair sí ó mhuintir Chonamara.

Beidh mé ag tabhairt aghaidh ar an Rúis ar an 5ú Deireadh Fómhair agus tá mé ag tnúth go mór le castáil leis na gasúir arís agus an t-airgead atá cruinnithe againn a chur ag obair! Go méadaí Dia bhur stór! Tá gasúir óga Hortolova go mór faoi chomaoín agaibh!

Spasiba Bolshoi! Go raibh míle maith agaibh!



Debbie Deegan, Máirtín agus cailín na Rúise, Vica.





Scoil Sailearna, An Cnoc

Thuas, Céad Chomaoineach

Líne cúil, ó chlé: Traolach Ó Conghaile, An tAth, Micheál Ó Flannabhra, An Ath. Máirtín Ó Conaire, Fearghas Mac Lochlainn,

Líne láir, ó chlé: Roisín Ní Dhúgáin, Aisling Ní Chonghaile, Lisa Ní Niadh, Ailiadh Bhreathnach, Cerys Bolustrom, Olivia Ní Chéidigh, Bláithín Ní Chonghaile, Clóna Ní Dhúgáin, Niamh Ní Dhúgáin, Aoife Ní Mháille,

Líne tosaigh, ó chlé: Pádraig Ó Conaire, Seán Ó Conghaile, Conor Loftus, Cathal Ó Thuathail, Eimhin Ó Diollúin, Liam Eoin Ó Céidigh.

Thall, Cóineartú

Líne cúil, ó chlé: Mairéad Ní Chonghaile, Tadhg Óg Ó Conaire, An tAth. Micheál Ó Flannabhra, Ruaidhri Óg Ó Bearra, Rónán Ó Coisdealbha, Rebecca Ní Fhátharta, Sharon Ní Bheoláin, Ryan Ó Máille, Darragh Ó Fátharta, Aodán Ó Beoláin, Máire Ní Choistealbha.

Líne láir, ó chlé: Sinéad Ní Mhaoláin, Áine Ní Cheallaigh, Emma Ní Choisdealbha, Caoimhe Ní Chonghaile, Caoimhe Ní Choisdealbha, Fionnghula Ní Chualáin, Connall Bergin, An tAth. Máirtín Ó Conaire.

Líne tosaigh, ó chlé: Dinny Ó hÉallaithe, Sean Ó Cadhain, Stiofan Ó Niadh, An tArdeaspag Micheál Ó Néaraigh, Seán Ó Nualláin-Ó Tuathail, Ciaráin Ó Féinneadha, Cóil Ó Coisdealbha.





Scoil Naisiúnta Cholm Cille, An Tulaigh

Thuas, An Chéad Chomaoineach

Líne cúil, ó chlé: Séamus Ó Gallachóir, Mark Breathnach, Killian Mac Gabhann, An Múinteoir Cristín Nic Raghnaill, Aodán Ó Lochlainn, Nicholas Hamel, Cian Ó Mainnín, An Canónach Colm Ó Ceannabháin

Líne láir, ó chlé: Antaine Ó hAnluain, Kasey Ní Mhárta, Siobhán Ní Neachtain, Sonia Nic Dhonncha, Róisín Ní Dhiomsaigh, Zoe Giles, DeAnna Blue, Cian Ó Scanláin.


Líne tosaigh, ó chlé: Séamus de Búrca, Laura Nic an Ultaigh, Ciara Nic Eochagáin, Aislinn Nic an Choiligh, Aoife Nic Dhonncha, Gráinne Ní Ghaoithín, Caoimhe Bolustrom, Brandon Ó Conghaile.

Thall, An Cóineartú

Líne cúil, ó chlé: An Canónach Colm Ó Ceannabháin, Máirín Ní Churraoin, Jenny Ní Choinceanainn, Martina Ní Chonghaile, Máirtín Ó Cualáin, Aonghus Ó Fátharta, Colette Ní Chualáin, Niamh Ní Chuinn, Siorcha Ní Bhraonáin, Sarah Ní Chualáin, Méabh Nic Dhonnacha, Aoife Nic Ghiolla Choinnigh,

Líne láir, ó chlé: Múinteoir Sarah Ní Choistealbha, Sinéad Ní Dhonncha, Marie Ní Fhlanncha, Emer Nic Dhonncha, Camille Casburn Trahan, Caolfhionn Ní Chomhghain, An tArd Easpag Mícheál Ó Néaraigh, Eimear Ní Thuairisg, Aoife Ní Lorcáin, Siobhán Ní Chonghaile, Anysia Ní Thuairisg, Rachel Nic an Ultaigh,

Líne tosaigh, ó chlé: Dara Mac Dubhghaill, Mícheál Ó Tuathail, Aaron Ó hAinnín, Joe Ó Conghaile, Colm Ó Finneadha, Liam Ó Conghaile, Cuán Mac Dubhghaill, Rónán Bolustrom, Dónal Ó Brádaigh.



CLPRINT Clódóirí Lurgan

Le os cionn 30 bliain taithí ins an
gclódóireacht taobh thiar dúinn, agus
le treallamh agus incallra is nua aoisí ar
an margadh, déanann muid táirge den
scoth ar phraghas réasúnach.

I gcóir meastachán glaoigh orainn ag
ag oifig in Indreabhán, Conamara
ag 091 593251.

Indreabhán, t. 091 593 251 / 593 157
Co. na Gaillimhe. f. 091 593 159
e. info@clprint.ie



An Poitín Stil

Tigh Phádraig Joe Joe Mac an Iomaire

**An Lochán Beag, Indreabhán,
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593114**



Tá Míle Fáilte Romhat!

Cumann Drámaíochta Chois Fharraige

Bridie Ní Churraoin, Rúnaí an Chumainn

Tháinig Cumann Drámaíochta Chois Fharraige le chéile arís i mbliana leis an dráma “In Árach a Chéile” le Séamus Broderick, aistrithe go Gaeilge ag Bridie Ní Churraoin. Tháinig baill an Chumainn le chéile in Amharclann Chois Fharraige i mí Dheireadh Fómhair 2009 le tús a chur le cleachtadh an dráma. Shocraigh muid spriocdháta go mbeadh muid ar an stáitse ag tús mhí Feabhra 2010, rud a d’fhág go raibh go leor oibre le déanamh idir an dá linn.

Le linn na bliana seo chuir muid an dráma ar siúl sna hionad seo a leanas:-

Aoine, 5ú Feabhra	Amharclann Chois Fharraige
Satharn, 6ú Feabhra	Amharclann Chois Fharraige
Domhnach, 7ú Feabhra	Amharclann Chois Fharraige
Satharn, 6ú Márta	Amharclann Chois Fharraige
Domhnach, 7ú Márta	Amharclann Chois Fharraige
Satharn, 17ú Aibreán	Halla Pobail, Inis Oírr
Satharn, 1ú Bealtaine	Halla Pobail, Inis Meáin

Bhí foireann mór ag an gCumann arís i mbliana, idir aisteoirí, lucht cúil stáitse, soilsíú, lucht an dorais agus dearthóirí seite.

Cliar

Jeaic Mháire Uí Fheilméara	- Brian Ó Gibhne
Magie Bheathla	- Bridie Ní Churraoin
Michael Jeaic Mháire	- Tomás Ó Neachtain
Pat Pháraic Beag Ó Flatharta	- Gearóid Mac Donnacha
Julia Uí Fhlátharta	- Norita Ní Chartúir
Dillie Uí Fhlátharta	- Síle Ní Scanláin
Paddy Joe Ó Ceallaigh	- Joe Ó Scanláin
Fr. Murphy	- Máirtín Ó Dubhghaill
Angela Folan	- Máirín Uí Lochlainn
Millie Connors	- Máire Treasa Ní Dhubhghaill
Sammy Davaney	- Colman Seoighe
Breitheamh	- Peadar Ó Cualáin
Bainisteoir an Óstáin	- Maria Ní Laoire

Léiritheoir:

Dearthóir Seite:

Tógálaithe Seite:

Bainisteoirí Stáitse:

Frapaí:

- Eoghan Ó Riada
- Danny Wallace
- Danny Wallace agus Eoghan Ó Riada
- Eilín Brennan agus Brighid Bán Breathnach
- Jean Ní Fhátharta, Eilín Brennan agus Brighid Bán Breathnach

Soilsíú:

Smidiú:

Fuaim:

Cultacha:

Fáilteoirí:

Córas Iompar:

Clár & Póstaer:

- Donnfhlaith Ní Thuairisg agus Mícheál Ó Gríofa
- Máire Ní Mháille agus Gráinne Mhic Dhonnacha
- Margaret Ní Cheannabháin
- Cabrini Ó Tuairisg, Mairéad Ní Chéidigh, Sara Ní Scanláin agus Máire Ní Mháille.
- Jean Uí Fhátharta agus Sara Ní Scanláin
- Marty Lee & Stiofán Lydon
- Bridie Ní Churraoin

Is faoi chomharsana béal dorais an dráma seo, na Flathartaigh agus na Farmers atá “In Árach a Chéile” le os cionn céad bliain! Ach, nuair a thiteann Michael Jeaic Mháire agus Dilly



Máirtín Ó Dubhghaill agus Máirín Uí Lochlainn



*Thuas: Micheál Ó Dubhghaill agus Noríta Ní Chartúir.
Thíos: Máire Treasa Ní Dhubhghaill, Síle Ní Scanláin agus Tomás Ó Neachtain*





Tuilleadh ón dráma: Thuas, Brian, Joe agus Bridie ag cocaireacht lena chéile; ar chlé, Eilín agus Brighid i mbun pleanála, sa lár tá an breitheamh mór é fhéin, Peadar, ar a dheis tá Gearóid ag ól a bhraoinín agus thíos tá an smiler é fhéin, Danny, ag scaoileadh meala ag an slua.

Phat Pháraic Beag i ngrá lena chéile bíonn rudaí ina gcóir thuathail. Scéal é seo faoi thalamh, grá agus tionchar na hEaglaise ar an saol sna caogaidí.

D'éirigh thar barr leis an dráma seo. Bhain sé neart gairí as an lucht féachana agus bhí na hionaid lán go doras chuile oíche. Tháinig an t-údar, Séamus Broderick, agus grúpa ó Bhaile Locha Riach chuig an dráma ceann de na hoícheanta ina raibh sé ar siúl in Amharclann Chois Fharraige. Cheap sé go raibh an dráma níos fearr i nGaeilge ná i mBéarla agus bhí sé chomh tógtha leis an léiriú go ndeachaigh sé ag an léiriú a bhí ar siúl againn in Inis Meáin. An chéad trí oíche ina raibh sé ar siúl againn in Amharclann Chois Fharraige d'eagraigh muid raifil do *Haiti* agus thug muid an

teacht isteach (€2,000) don raifil don aisteoir Darach Ó Dubháin a bhí ag dul anonn do Haiti le cúnamh a thabhairt le tithe nua a thógáil do na daoine ansin. Chomh maith leis sin bíonn oíche charthanachta ar siúl chuile bhliain ag an gCumann do *"To Russia with Love"* ina bhfuil Máirtín Ó Dubhghaill ón gCumann mar bhall. Eagraíodh an oíche Tigh Mholly i mbliana agus bhí an teach lán go doras. Bronnadh €1,400 ar Mháirtín ar an oíche.

Ba mhaith le Cumann Drámaíochta Chois Fharraige buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine, idir iad siúd a d'fhreastal ar na léiriúcháin agus iad siúd a thug tacaíocht do na hoícheanta charthanachta.



An Coiste Pobail ar an Tulaigh

CPT COISTE POBAIL na TULAIGH
coistepobailnatulaigh@gmail.com

Is ar mhaithe le pobal an cheantair a fheidhmíonn Coiste Pobail na Tulaí agus 'sé an phríomhchuspóir atá againn ná áiseanna an cheantair a fhorbairt agus a chaomhnú don todhchaí. Feidhmíonn CPT ó na Creagáin siar go dtí Caorán na gCearc agus tá suas le 145 theaghlach lonnaithe ann faoi láthair agus ionadaíocht ar fáil do chuile bhaile fearann san áit. Cuirtear fáilte i gcónaí roimh aon duine a bhfuil suim acu a bheith ar an gCoiste.

Ag ár gcruinniú Cinnbhliana toghadh an coiste mar a leanas:

Tomás Ó Neachtain	Cathaoirleach
Nuala Ní Chonghaile	Rúnaí
Catherine Uí Dhonnacha	Cisteoir
Cóilín Ó Neachtain	Leasathaoirleach
Máire Ní Óbáin	Leasrúnaí

Obair an Choiste

Tá roinnt tograí faoi lámh againn faoi láthair, cuid acu seo ná:

- **An Halla** - Tógadh an Halla thart ar 1965 agus is beag forbartha atá déanta uirthi ó shin. Tar éis an drochbhail a cuireadh ar an Halla i rith an gheimhridh, bhí ar an gCoiste tabhairt faoi mórobair athchóiríthe ionas go mbeadh sí sábhailte le n-úsáid don phobal. Ceadáíodh 70% den chostas ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannas agus Gaeltachta €23,000 – rud a fhágann go bhfuil muid €11,000 i bhfiacha leis an gcuid eile. Ar éigin a críochnaíodh an obair roimh thús chúrsa Choláiste Uí Chadhain i mí Meitheamh.



Lá an Phátrúin ag Reilig Mhaírois



*Ag ócáid an Ath Colm, ó chl: Máire Áine Ní Fhlatharta,
an tAth Colm agus Peigí Uí Chéidigh*

Tá buíochas mhór ag dul do gach dream a thug lámh dúinn chun an Halla a réiteach don samhraidh. Táthar ag súil go mbeidh an obair críochnaithe roimh mhí na Samhna.

Ní gá a rá gur bhfuil an Halla ar cheann de na hacmhainní is luachmhara atá againn sa gceantar agus gur fiú í a fhorbairt dúinn féin agus don ghluin atá ag tíocht aníos.

Tugann na Coláistí Samhraidh amháin luach €320,000 isteach do eacnamaíocht an cheantair, gan trácht ar an úsáid a bhaineann an scoil agus grúpaí pobal eile aisti ar feadh na bliana.

- **An Pháirc** - Réitíodh an pháirc os cionn scór blianta ó shin agus tá sí in úsáid ón am sin i leith. Tá géarghá le hobair chothabhála a dhéanamh chomh maithe le cuaillí nua peile a chur uirthi. Fágann sé seo go dteastaíonn airgead breise ionas go mbeifear in ann úsáid thairbheach a bhaint aisti. Maidir le húsáid na páirce, ní mór cead a bheith faighte roimh ré ó rúnaí CPT agus léas a bheith sínithe sular féidir le haon dream dul isteach uirthi, de bharr cúrsaí árachais.

- **An Cosán Coisithe** - Tá feachtas ar bun le fada an lá le haghaidh an cosán a leathnú ón scoil siar chomh fada le crosbhóthar Bhaile na hAbhann. Seo é an t-aon píosa ar bhóthar Chois Fharraige as Gaillimh nach bhfuil cosán ar fáil do dhaoine atá ag siúl. Faoi láthair táthar ag súil go mbeidh airgead ar fáil ó MFG agus an Comhairle Contae chun é seo a dhéanamh. Tá muid fós ag cuartú soiléiriú ón gComhairle Contae maidir leis seo. Tá sé os cionn trí

bliana déag ó gheall Aire ag cóisir le muintir na Tulaigh go mbeadh an cosán seo ann – níl sé ann fós.

- **Pleananna an Údaráis** - Chuir an coiste ár míshástacht in iúl d'Údarás na Gaeltachta maidir leis an bplean chun ceantar Chois Fharraige, óna Forbacha go Ros an Mhíl a chuir isteach faoi aon eagraíocht amháin ó thaobh teanga di. Is léir nach iad na cúinsí céanna teanga atá sa gceantar seo uilig agus ní chreideann muid gur ar mhaithe le leas na teanga a bheadh na socraithe seo.
- **Scéim Séarachais** - Tá mór-fhorbairt déanta ar an eastáit agus ar Thearmann Éanna le blianta beaga, ach beidh cosc ar aon dul chun cinn eile nó go mbeidh córas séarachais sa gceantar. Teastaíonn réiteach fadtéarmach ar an bhfadhb seo agus tá CPT ag leanacht ar aghaidh leis an mbrú maidir leis seo. Cuireadh amach suirbhé chuig pobal na Tulaí maidir leis seo ag tús na bliana agus bhí sé soiléir go bhfuil gá lena leithid sa gceantar seo.
- **An Reilig** - Is cúis práinne go leathnófaí reilig Mhaorais agus tá roinnt dul chun cinn déanta leis an gComhairle Contae maidir leis seo. Táthar ag súil go mbeidh réiteach ar an scéal go luath.



- *Crannchur 50:50* - De bharr na bhfiacha agus an costas atá ag baint leis na háiseanna a fhorbairt, socraíodh go gcuirfí an Crannchur ar bun chun go bhféadfaí dul ar aghaidh leis seo. Beidh na torthaí le fáil ar ár

leathanach ar FaceBook, áit a mbeidh fógraí eile le fáil freisin (cuardaigh “Tulach, Baile na hAbhann” ar FB).

Impíonn muid ar an bpobal chuile thacaíocht a thabhairt dó seo agus do na feachtais bailiúcháin airgid a

bheidh ar bun amach anseo. Thug muintir na Tulaí tacaíocht do dhreamanna eile thart timpeall orainn le fada an lá, anois teastaíonn uainn féin tarraingt le chéile ar mhaithe leis an ceantar seo uilig.



Thall:
Daltaí as Scoil Cholm Cille, An Tulaigh a fuair duaiseanna sa chomórtas “Scríobh Leabhar” a d’eagraigh Ionad Oideachais na Gaillimhe.

Ó chlér: *Macdara Mac a’ tSaoir (R5), Pádraic Mac Donncha (R1), Cathal Mac an Iomaire (R5), Séamus Ó Gallachóir (R3), Colm Ó Finneadhá (R6), Siobhán Ní Neachtain (R3) agus Kate Scott (R3)*



Tigh Dhurcáin

OLLMHARGADH & OIFIG AN PHOIST
An Tulaigh, Baile na hAbhann,
Co. na Gaillimhe.

Seaimpíní Sean-nóis



Sa bpictiúr seo tá cairde agus muintir Órla Ní Fhinneadha as an gCloich Mhór. Bhuaigh Órla craobh na hÉireann Faoi-18 sa gCabán ag Fleadh Cheoil na hÉireann. Seo é an tríú bliain aici craobh na hÉireann a bhuachaint. Tá go leor comórtais eile buaite aice le blianta anuas – Corn Cuimhneacháin Phatsy Ó Ceannabháin na bliana seo ina measc. Chas Órla amhrán d’Uachtarán na hÉireann ar an gCeathrú Rua cúpla bliain ó shin agus chas sí ar an gClochán don Taoiseach le gairid.

Tá Órla ag freastal ar ranganna sean-nóis le Máire Phetair Uí Dhroighneáin ó bhí sí ar an mbunscoil agus tá sí fós ag freastal orthu. Ní féidir an iomarca moladh a thabhairt do Mháire Phetair. Ní hé amháin gurb í Máire an t-amhránaí sean-nós is fearr sa tír ach ’sí an múinteoir is fearr freisin í agus níl deireadh ar bith lena foighid.

Tá an-mholadh ag dul don Ghaelacadamh agus do Chaitríona Ní Oibicín go háirithe a eagraíonn na ranganna agus imeachtaí eile. Tá Órla ag freastal ar Choláiste Mhuire gan Smál i Luimneach. Tá go leor comórtais buaite ag Máirín agus Caitríona Ní Churraoin, An Bhánrainn Bhán, agus ag Anna Marie Ní Fhátharta, An Chloich Mhór, atá sa bpictiúr, bail ó Dhia orthu. Is cinnte nach fada eile go mbeidh Craobh na hÉireann buaite acu fhéin.

Tigh Chualáin

Coill Rua

TEACH ÓSTA

agus

B & B



091-553609

ROS na RÚN



GACH MÁIRT & DÉARDAOIN @ 8.30 AR TG4
&
OLLCHLÁR DÉ DOMHNAIGH @ 10.30 AR TG4

<http://www.rosnarun.com>
<http://www.facebook.com/RosnaRun>



Comharchumann Shailearna Teoranta

'Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Foisteachta agus Seirbhí'

Comharchumann Shailearna Teo.

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Fón 091-593017 Facs: 091-593715

rphost: cst@eircom.net

Seirbhísí

Forbairt Pobail

Seirbhísí Oifige

Seirbhís Mapaí Talún

Eolas/Idirlíon

Cúrsaí

FÁS

SFP

LTI

An tAcadamh

Ionaid

Seanscoil Sailearna

ITT

Amharclann

Chois Fharraige

Gorlann na Gaeilge

Uaireanta Oifige

Luan-Déardaoín Aoine Lón

9.00r.n - 5.00 i.n 9.00 r.n - 4.00 i.n 1.00 i.n - 2.00 i.n



SuperValu Indreabhán

Siopa an Phobail

Rogha an bhia do thogha na ndaoine

Coill Rua
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón 091 593020
Facs 091 593338

SuperValu
Real Food, Real People

Sinneán Seanfhocal

Bailiúchán lámhscríofa a fuair Fil Uí Dhubhghaill óna haintín a bhí anseo agus seo mar a chuir Fil féin síos ar an liosta:

“Ba é Tim Johnny Ó Cualáin, uncail m’athar, agus m’aint, Bríd Ní Chualáin, a bhailigh na seanfhocla seo le linn dóibh a bheith i bhfeighil an tí ósta, Tigh Tim Johnny, sa Spidéal. Is iomaí duine mór le rá a chuir cois thar tairseach sa teach ósta céanna, ina measc an scríbhneoir Brendan Behan, an píobaire Séamus Ennis agus Ciarán Mac Mathúna. Dhíol Tim an teach ósta ag tús na seachtóidí leis an amhránaí Des Kelly agus ba eisean a d’athraigh an t-ainm go dtí an ‘Crúiscín Lán’, an t-ainm atá fós air go deimhin, cé go bhfuil an áit i seilbh John Foy le roinnt blianta anois.”

Seo é an liosta, idir shean agus nua -

- Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.
- Bíonn adharca fada ar na ba thar lear.
- Is fearr cara sa gcúirt ná cara sa gclúid.
- Bíonn dhá inseacht ar chuile scéal.
- Is fearr do dhóthain go díreach ná do dhóthain is fuilleach.
- Is measa fear bréagach ná fear bradach.
- D’inis fiach é agus shéan fionnóg é.
- Ní fhaightear cion gan caillteanas.
- Ná hith cuid nuaíochta an Domhnaigh.
- Ní théann an geall gearr i bhfad.
- Feileann spallaí do bhalla chomh maith le clocha móra.
- Níl luibh ná leigheas in aghaidh an bháis.
- Ní bheathaíonn an marbh an beo.
- D’ordaigh na húdair na seandaoine a mhúineadh.
- Is deacair cleas a mhúineadh do sheanmhadaidh.
- Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní mhaireann an lámh a chuir.
- Is mór an giorrú ar mhuic a bheith gan drioball.
- Is fearr teach giortach teann ná teach fada fann.
- Is lú ná fríd ábhar na hurchóide.
- Is fearr teach beag is bainne gabhair ná teach mór ar bheagán bia.
- Cailltear lán loinge ar son duine amháin.
- Is beag an aithinne a dhéanfaidh dó.
- “Beidh mise i bpáirt leat”, mar a dúirt an sionnach leis an gcoileach.
- An tráth a n-imíonn an séan, slán le cairde.
- Báisteach don lao, grian don uan is gaoth don searrach.
- Is é an bairneach an breac is contúirtí sa bhfarraige.
- Fulaingíonn fuil fuil i ngorta ach ní fhulaingíonn fuil fuil i ngortú.
(Ní cás leis na daoine a ngaolta a bheith bocht ach ní leigheasfaidís a ionsaí.)
- Aithníonn an fhuil an gaol.
- Bíonn go leor gaolmhar ach is beag a bhíonn muinteartha.
- Nó go dtriomóidh an lochán ní thriomóidh an fód.
- Is beag ár sáith agus is gairid ár seal.
- Is gearr idir inniu agus inné; is gearr a bhíos an t-éag ag teacht.
- Is olc séanadh an éin a thréigeann a éanlaith féin.
- Méadaíonn an nádúr an sólas is laghdaíonn sé an dólás.
- Is fearr orlach den ghaol ná míle den chleamhnas.
- Gheobhaidh tú fear i dtom, mac i mbroinn ach ní gheobhaidh tú aon deartháir choíchin.
- Gaol mhadaidh Úna le madadh Áine. (*Gaol i bhfad amach.*)
- Troscaidh an chait chanainn, d’íosfaidh sé feoil ach ní ólfadh sé bainne.
- Galar gan náire an tart.
- An rud atá uait ná bíodh aon chathú ina dhiaidh agat.
- Tugann Dia a sháith d’fhear a chaite is beagán spáis d’fhear a bhraite.
- Is ualach éadrom an fhoghlaime ach is ábhar achraime í go minic.
- Ní chuirfeadh an saol slis mhín ar na daoine.
- Is furasta deoch a bhaint as sruth ná greim a bhaint as cloch.
- Is treise Dia ná dóchas.
- Is mall é Dia ach triallann a ghrásta.
- Is tú a dúirt agus ní hé Dia.
- Ní féidir grásta Dé a thomhas.
- Chomh fairsing le Dia lena ghrásta.
- Is milis á ól é ach is searbh á íoc é.
- Is leor don dreoilín a nead.
- An té atá tuirseach is furasta a leaba a chóiriú.
- Má cuireann tú gé go dtí an domhan theas ní bheidh sí ina gandal ag teacht ar ais.
- Is deas guth nua ach ní buan a mhaireann sé.
- Ceann céille a mharós an eascann.
(Ní mór do dhuine breathnú roimhe sula a dtugann sé faoi phíosa oibre.)
- Coinnigh beagán le haghaidh na coise tine.
- Cosa lomnocht ag scaipeadh driseacha ar a chosán.
- Ní i ngan fhios dá srón a dhéanann an mhuic tochailt.
- Trá mhoch nó trá mhall nó cnoc idir dhá bhaile.
(Cuireann siad moill ort.)
- Ualach beag a dhéanann scafántacht.

Fáilte go
Coláiste Lurgan



*Gaeilge gan dua
i gceartlár na Gaeltachta*

*Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón 091 593182*



Nioclás Ó Conchubhair Teo
Homevalue

Ábhar Tithíochta, Earraí Crua

Casla, Co. Galway

Teil: 091-506111 Facs: 091-506044

ephost: nicholasoc@eircom.net

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Teil: 091-551114 Facs: 091-551258



- Bíonn spailpín tréan ar bheagán céille.
- Tine ró-íseal agus pota ró-ard, is na fataí ar an gcaoi sin ní bhruithfidh go lá.
- Páigh an asail, bata agus bóthar.
- “Saol corrach”, arsa Páidín agus é ag rith le fána.
- Má táthar dod bheathú níltear dod mhúineadh.
- Múnadh an bhaile múnadh an teaghlaigh.
- Is fearr sampla ná teagasc.
- An rud a oiltear go holc imíonn sé go dona olc.
- An té a dhéanfas beag é déanfaidh sé mór é.
- Is fearr oiliúint ná scolaíocht.
- Aonach nach seasann i bhfad is ea aonach an chláir. (*Béile ar bhord/chlár.*)
- Coisreacan ciotóige ar íochtar do phutóige.
- Brochán ó aréir é
Is mairg nár téadh é;
Mar seo a fuair sibh féin é,
Ní thabharfadh an fiach dubh dá éan é;
Dá dtabharfadh níorbh leis féin é.
“Sin méadú ort”, a deir an dreoilín nuair a rinne sé a mhún sa bhfarraige.
- Is é a laghad a locht.
- Tógann mionchlocha caisleáin.
- Ní bhíonn beag bog.
- Leagfadh tua bheag crann mór.
- Má dhíolann tú an capall ní dhíolann tú an srian ná an diallait.
- Is fearr múineadh ná maiseacht.
- Níor caoineadh riamh ach an t-anró.
- Gob ó aturnae, gob ó dhochtúir agus gob ó chorr scréachóg. (*Nithe an-ghéara.*)
- Maireann grá go gairid ach maireann fuath i bhfad.
- Ní dhearna an ghiúsach briog ariamh.
- Nuair a rinneadh an chéad pheaca is ea las an ghiúsach.
- Cailleann an t-anrachtán roimhe ‘s ina dhiaidh é. (*Níor shásaimh an bailiú airgid é na an saibhreas nuair a bhí sé bailithe.*)
- Dá gceannódh ór leas an tsaoil seo bheadh an saibhir beo is an daibhir sínte.
- An bealach cam a thógtar chuig an gcaisleán. (*Ní fhaightear saibhreas go cneasta.*)
- Is dubhach an teach nuair a ghlaonn an chearc níos airde ná an coileach.
- An síol a bhíos caoch ní fhaightear barr air.
- Tuig agus lig mórán thart. (*Éist le comhrá daoine eile i do thost.*)
- Misneach in aghaidh an aird.
- An crann nach meileann go teann is ainm dó crann gan rath.
- Is fearr le duine orlach dá thoil ná banlámh dá leas.
- Is mairg a scaoilfeadh le greim a bhéil.
- Is maith an tráth bia an t-ocras.
- Dá laghad é díol an dreoilín, caithfidh sé é a sholáthar.
- Ní théann síon thar Aoine ná stoirm thar Dhomhnach.
- Is minic paidrín fada ag rógaire.
- Tugann Pádraig an ghrian leis agus Micheál an tsíon.
- Ní thig fuacht is ní thig deacair
- Is ní thig cruas go dtig an tEarrach.

- Ní hé lá na gaoithe lá na scolb.
- An té nach gcuirfidh san Earrach ní bhainfidh sé sa bhFómhar.
- Is iomaí cor a chuireann lá Márta de.
- Na Faoillí (Feabhra) a mharaíonn na caoire;
An Márta a mharaíonn na daoine.
- “Gach ré lá ó mo lá-sa amach”, a deir Bríd;
“Gach lá ó mo lá-sa”, a deir Pádraig, “agus mo lá féin san áireamh”.
- Samhradh riabhach, fómhar grianmhar, geimhreadh rólach agus earrach ró-bhreá; Sin a d’ordaigh béal an tseandúine.
- Ní bhíonn obair an Domhnaigh buan ná seasmhach.
- ‘S í an Nollaig í, ‘s í an Nollaig í,
Is mór a mhillfeas sí ach is beag a leighfeas sí.
- Is é mian na seandaoine na Faoillí a theacht garbh.
- Foillí doininne mian an tseanóra.
- Uisce na bhFaoillte idir Nollaig is Féile Bríde.
- Tiocfaidh an t-earrach is greadfaidh an Márta,
Is fágfaidh sé sneachta go doimhin in sna gleannta.
- Bíodh bun na gaoithe glan agus beidh an lá go maith.
- Bliain na n-áirní, bliain bhrónach;
Bliain na sceachóirí, bliain bhreá.
- Bogha fliuch na maidine, bogha tirim an tráthnóna.
- Gealach úr ar an Satharn uair amháin in sna seacht mbliana, is rómhinic sin fhéin.
- Tá na caisleáin ag titim agus na cairn aoiligh ag éirí.
- Is é maith an mhadaidh bás capaill.
- Is onóraigh cathaoir ná dhá stól.
- Oscar fada ar shliabh is coisméig ghearr ar bhóthar.
- Is minic súil dhearg a bheith fliuch.
- Tránna earraigh is tuilte fómhair.
- Is fearr spéir réaltach ná bogha ceatha thoir.
- Ní ar scáth a chéile a théanns na daoine go dtí na Flaithis.
- Seachain lorg an chrú agus an tairne.
- Ní leithne an t-aer ná an timpist.
- Is é an toirneach a scanraíonn is an tintreach a mharaíonn.
- Gealach na gcoileach is gile sa mbliain.
- Gealach earraigh ní mholtar í.
- Is é Dia an lia is fearr.
- Guigh ar Dhiadh i dtús oibre is déanfaidh Sé féin an chuid eile.
- “Is faide do chuid féasóige ná do chuid intleachta”,
mar a dúirt an sionnach leis an ngabhar.
- Is furasta an tsúil a mhealladh.
- Comhartha na háilleachta a bheith ag síor-athrú crutha.
- Seirbhís gan iarraidh, ní bhíonn Dia ná duine buíoch di.
- Imirce an uabhair a fhágfas fuaidreamh ar chlann.
- Is ísle an ghé ná tusa agus cromfaidh sí.
- Is olc é deireadh na huaisle.
- Má bhíonn tú ar shochraid ná bí ar tús ná ar deireadh.
- Cuileog an chairn aoiligh is mó a ghníos torann.
- Filleann an t-olc mar ‘fhilleann an bháisteach in aghaidh na gaoithe.
- D’ordaigh Dia an anachain a sheachaint.
- Fág an donas go deireadh.

- Cuirtear an sneachta ach ní féidir é a bhaint.
- Codladh fada is mí-urraim, dhá rud dona.
- Is minic a rinne searrach suarach capall maith.
- Ríocht ann fhéin intinn chuile dhuine.
- Déanann an saibhreas de réir a dhéanta.
- Maoidhim thú, a leac, gan Bríd a ligeann amach, Ghiorraigh sí ár ndeoch agus náirigh sí ár dteach. Agus anois, a Bhríd, ó tharla tusa i bhfeart, Triomach síorraí ort agus tart.
- Is mairg a dhíolfas Ríocht na bhFlaitheas, Áras Dé ina bhfuil na Trí Phearsa; An áit a mbíonn naoimh ina suí agus aspail, A bhí ar an saol seo ag leasú ár mbeatha.
- Is annamh a thagann trá gan lán mhara a theacht ina diaidh.
- Is olc an margadh a bhriseann beirt.
- Is fearr socrú dá dhonacht ná dlí dá fheabhas.
- Níor ordaigh Dia do dhuine dul chun cúirte gan gnó.
- Spéir dhearg thoir, báisteach go buan.
- Tá cluasa ar na claíocha agus súile ag na cosáin.
- An té is glíce mealltar é.
- Ciall cheannaithe an chiall is fearr.
- Má bhíonn Lá Bealtaine breá grianmhar beidh dhá gheimhreadh sa mbliain sin.
- Greim fhada agus bog-fháisceadh.
- Ní minic seanchat ag spraoi le sop tuí.
- Thug sé ó dhúchas é, mar a thug an mhuic an tochailt.
- An rud a fhaightear ar dhroim an diabhair, imíonn sé faoina bholg.
- Is fearr obair ná déirce.
- Níl dólás dá mhéid nach sólas a dheireadh.
- Chaill tú é mar a chaill Donncha an trosc (*le teann faillí*).
- Is mairg a thuganns lámh lena thnúthán fhéin. (*Is minic nach é leas an duine an dúil a chuireann sé i rud áirithe.*)
- Tá 'fhios agam cá bhfuil mé ach níl 'fhios agam cá mbeidh mé.
- An té ar fada leis an lá is fada leis a shaol.
- An rud nach áil leis an duine ní cloisfidh sé é.
- Fuair sé é mar a fuair an chráin an fáinne. (*In aghaidh a tola*).
- Bíonn nimh in san aithne.
- Taistealaíonn dea-scéal go mall.
- Chomh te le tine daraigh.
- An olann gan bearradh is deacair í a shníomh ná a chardáil. (*Ní féidir mórán a dhéanamh le rud nach bhfuil agat.*)
- Ia maith an rud a bheith ag scríobadh leis na huaisle.

Tairngreachtaí

- Teach mór ar gach creagán, Buataisí ar gach breallán, Droichead thar gach sruthán, Bograchán faoi gach tuathachán, Bád ar gach crompán, Amadán ag gach ciomachán.

- Bróga ar bhreallán, Carrannaí gan capaill Agus scéal i mbarr bata.
- Tiocfaidh an t-am is beidh bóthar ar gach logán, Teach mór ar gach cnocán, Droichead (muileann) ar gach sruthán, Béarla ag gach blocán, Cóiste faoi gach breallán, Is an saol uilig ina bhrochán.
- Beidh muileann ar gach sruthán, Buataisí ar na breallán, Droichead ar gach cosán, Is cóiste faoi gach spriósán.
- Nuair a bheas na cnocáin ar na logáin, Is na logáin ar na cnocáin, Nuair a bheas droichead ar gach sruthán, Beidh an saol ina bhrochán.
- Beidh droichead ar gach lochán, Bóthar ar gach cosán, Bograchán faoi gach tuatachán, Léann ar gach somachán, Amadóir ag gach ciomachán; Beidh scéal i mbarr bata ann, Beidh an lacha dhubh ag teach go Gaillimh, Ag tabhairt na ndaoine léi.
- Teach mór ar gach cnocán, Droichead ar gach fiodán, Buataisí ar na breallán, Agus Béarla ag na tachráin.
- Teach mór ar gach crágán, Buataisí ar na breallán, Droichead thar gach sruthán, Agus cogadh deireadh an tsaoil seo.
- Droichead ar gach lochán, Teach ar gach cosán, Bád ar gach crompán, Muileann ar gach sruthán, Cóiste faoi gach spriósán, Is an saol uilig ina bhrachán.
- Tiocfaidh an léithe luath, Tiocfaidh na cruacha caite, Tiocfaidh níos measa fós, Beidh na measa á meáchan. Beidh buataisí ar na breallán Agus boineid ar na cuacháin; Beidh Béarla ag na tachráin, Beidh droichead ar gach sruthán Agus teach geal ar gach cnocán; Gabhfaidh glas le Dún Dúil.

Seosamh Ó Braonáin a rinne an obair chlóbhuailte agus eagarthóireachta ar an liosta.

Suíomh Idirlín Chois Fharraige

Cumann Forbartha Chois Fharraige

Cois Fharraige

Tugtar Cois Fharraige ar an gcuid sin de paróiste an Chnoic atá suite idir abhainn an Spidéil agus abhainn Chromghlinne ar chósta thuaidh Chuan na Gaillimhe, siar ó chathair na Gaillimhe. Thart ar dheich gciliméadar (sé mhíle) bóthair idir an dá abhainn agus tá na scórtha bóthriní ag síneadh ón bpríomhbóthar, ó thuaidh i dtreo an phortaigh agus ó dheas i dtreo na farraige. Cé go bhfuil cuid de phobal na háite ina gcónaí ar dhá thaobh an phríomhbóthair féin, is ar na bóthriní sin atá cónaí ar a bhformhór.

Ceantar láidir Gaeltachta is ea Cois Fharraige go fóill, in ainneoin na forbartha atá déanta ar an áit le blianta anuas agus an tionchair ón taobh amuigh atá le sonrú go láidir i ngach cuid di. De thoradh na forbartha sin, tá méadú mór tagtha ar phobal an cheantair ó thús na seachtóidí ach is í an Gheille prímhtheanga na háite go fóill agus iarrachtaí móra ar siúl chun é sin a chinntiú do na blianta atá amach romhainn. Tá an tIonad Tacaíochta Teaghlach ar cheann de forbalrití is suntasaí atá déanta sa cheantar chun an aidhm teanga sin a bhaint amach.

<<< Baile

Is fearr go deireanach na go brách agus i mbliana tá cois curtha amach ag an gcumann forbartha i bhfarraigí móra an idirlín sa mhéid is go bhfuil www.coisfharraige.ie ar an bhfód. Tá súil againn go mbeidh sé mar phríomhfhoinsé eolais faoin gceantar, imeachtaí an chumainn fhorbartha, imeachtaí Ghlór na nGael, scéalta nuachta agus na himeachtaí sóisialta a bheas ag tarlú timpeall an cheantair.

Tá muid ag iarraidh go mbeidh sé mar stór eolais faoi ghnéithe éagsúla de shaol agus de stair an cheantair agus chuige sin tá cartlann ann ina bhfaighidh sibh seanchóipeanna de Bhiseach, Pictiúir, Seanachas agus araile.

Ní leagan críochnúil atá ann ach obair idir láimhe mar tá muid fós ag bailiú agus ag cur eolais suas air. Go deimhin is obair leanúnach atá agus a bheidh i gceist, níl anseo ach tús agus fáilteoidh muid roimh aon ábhar a bheadh feiliúnach, nó aon smaointe maidir le hábhar breise.

Níor thosaigh an cumann ag Tweetáil, ag Beboáil ná ag Facebookáil go fóill, ach má tá aon cheist nó smaoinemh agat maidir leis an suíomh is féidir labhairt le haon duine den choiste nó ríomhphoist a chur chuig eolas@choisfharraige.ie, nó post ar dhroim seilimide a chur chuig Chumann Forbartha Chois Fharraige, F/C Comharchumann Shailearna Teo, Seanscoil Sailearna, na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Beidh fáilte speisialta roimhe thuairimíocht agus smaointe ó dhaoine óga an cheantair.

Noel Dan Ó Droighneáin 1946-2010



Ód'oscail Pinniúr Liathróid Láimhe Mhícheál Breathnach i 1980 bhí Noel ag imirt ann go seasta go dtí an oíche ar bhásaigh sé ann in éineacht lena chomrádaithe, Pádraig Tim Ó Conghaile agus Gerry Springer Ó Fátharta. Thraenáil sé go leor gasúir óga ar feadh na mblianta agus fiú dhá lá sular bhásaigh sé chuir se tús le Campa Samhraidh Liathróid Láimhe. Dúirt sé, "beidh mé ann go dtí meán lae ach caithfidh mé dul ag iascaireacht ansin". Sin é an uair deireadh a chonaic mé Noel beo.

D'imir Noel sa seanphinniúr ag an Spidéil nuair a bhí sé óg agus nuair a chuaigh sé ag obair i mBaile Áth Cliath sna seascaidí d'imir sé sa seanphinniúr i bPáirc an Chrócaigh agus sa bpinniúr a bhí suas in aghaidh Theach Cúirte ar Shráid na Faiche. Ní dóigh liom go imir Noel cluiche ar bith eile ach liathróid láimhe agus ar ndóigh an iascaireacht.

Áit ar bith ar fud na tíre a mbíodh imreoirí ón gClub ag imirt is cinnte go mbeadh Noel agus Imelda i láthair chomh maith le bheith ag gach fáiltiú a bhí againn d'imreoirí óga ar theacht abhaile dóibh tar éis comórtás éigin a bhuachaint.

Bhainfeadh sé an-chraic as an áirneáin a bhíodh againn tar éis na cluiche gach Céadaoin agus Satharn. Beidh caint ar Noel fad a bhéas an liathróid beag sin á bualadh in aghaidh an balla mhóir sin. Níl againn anois ach cuairt a thabhairt ar a uaigh ar an Aill Fhionn anois agus arís.

Déanann muid comhbhrón ó chroí lena bhean dhílis, Imelda, lena chlann mhac, Diarmaid agus Mark, lena dhearthair Joe, a dheirfiúracha Máirín agus Bernie, le Mairéad bean Dhiarmaid agus a gharhmhac Diarmaid Óg.


Leaba i measc na Naomh agus na n-imreoirí liathróid láimhe a chuaigh romhainn go raibh aige.

Timín Joe Tim (Rúnaí),
Chumann Liathróid Láimhe Mhícheál Breathnach.

Seanchas Jimmí Chearra

Chois Fharraige

Ní hé chuile lá a fheiceann tú leabhar breá nua toirtiúil Gaeilge faoi cheantar Chois Fharraige, ach sin go díreach atá sa leabhar, *Seanchas Jimmí Chearra Chois Fharraige*, atá curtha in eagar ag a mhac, Pádraic agus foilsithe ag Coiscéim i mBaile Átha Cliath. Tá 510 leathanach san iomlán sa leabhar seo ina bhfuil scéalta agus seanchas faoi rudaí a tharla i gcomharsanacht an scéalaí siar sna blianta, chomh maith le tuairiscí ar eachtraí agus imeachtaí ar chuala Jimmí féin fúthu nó a raibh sé i láthair nuair a tharla siad.



Mar atá ráite ar chlúdach an leabhair, “Nochtann na scéalta agus a bhfairsinge ó pheann an scéalaí léargas don léitheoir ar an saol a caitheadh i gConamara siar amach sa gcéad seo caite faoi mar a mhair ár gcine agus iad i dtuilleamaí na talún, na farraige agus an tsléibhe”.

Ó thaobh na Gaeilge de, tá an leabhar scríofa i dteanga bheo Chois Fharraige, díreach mar a bhí sí á labhairt ag an am agus mar atá go fóill ag an dream is sine sa gceantar. Mura mbeadh tada eile sa leabhar seo ach an méid sin b’fhiú í a chéannacht, ach gheobhaidh tú saibhreas eolais, scéalaíochta agus seanchais inti gan trácht ar nósmaireacht, ar chreideamh, ar bhéaloideass agus ar stair áitiúil Chois Fharraige. Bronntanas álainn atá sa leabhar seo, dhuit fhéin nó do chibé duine ar mian leat í a bhronnadh air nó uirthi.

Nár laga Dia do chuimhne ná do chuid seanchais, a Jimmí agus comhghairdeas leat fhéin agus le Pádraic, faoin obair chéatach atá déanta agaibh i mbailiú, in aithris, i scríobh agus in eagar na bpíosáí ar fad.

Seosamh Ó Braonáin

Gaeil sa Bhaile thar Sáile

le Brian Ó Baoill

Bhí mé ag dul ar bord loinge i Southampton i Sasana ar mo bhealach go Ceanada sa bhliain 1957. Slua mór sa phasáiste ag barr na gcéimeanna. Bhí mé sáinnithe ansin. Chuile dhuine ag iarraidh eolais, a mbuncanna nó a gcábáin á lorg acu. Bunc a bheadh a’msa. Ní raibh tuairim a’ m cén fhad a ghlacfadh sé orm post a fháil ar an taobh eile agus níor mhiste a bheith tíosach leis an airgead.

Chuala mé duine taobh liom ag feadaíl ‘Cailín Deas Crúite na mBó’.

‘Cén áit a bhfuil tú a dhul?’

‘Montreal.’

‘Trua. Mé fhéin ar mo bhealach go Toronto.’

‘Sin é an saol.’

Ní raibh mé ar mo shuaimhneas ar an long sin ar chúis éigint. Scartha go tobann ón chomhlúadar Gaelach a raibh cleachtadh a’ m air is dóigh. Chuile dhuine ag caint i mBéarla. Im’ aonar go hiomlán i measc na sluaite.

Chuaigh mé go dtí damhsa an oíche sin agus d’iarr ar chailín damhsa a dhéanamh liom. D’éirigh sí. Deireadh an damhsa sin.

‘Go raibh maith a’t.’

Shiúil sí uaim. Níos déanaí chonaic mé arís í agus d’iarr uirthi arís. Dhiúltaigh sí. An raibh locht aici ar mo chumas damhsa? Gan a bheith snasta go leor? Ciotach ag an samba, nó rhumba, nó cibé diabhal rud a bhí ar siúl? Nó an raibh drochbholadh ar mo bhéal, nó ar mo chosa? Ní raibh fhios a’m. Scéal cinnte nár chuir mo chomhrá isteach uirthi mar theip orm focal a bhaint aisti. Sasanach a bhí inti, is dóigh, ní Éireannach ar aon nós.

‘Don diabhail leis sin mar chluiche,’ arsa mise liom féin. Bhailigh mé liom agus thóg cúpla leabhar ó mo mhála thíos staighre agus isteach liom go dtí seomra suí leo.

‘Féadfaidh sí a bheith cinnte nach gcuirfidh mise isteach uirthi arís.’

Turas fada traenach ó Montreal go Toronto. Oíche. Dorchadas iomlán amuigh seachas nuair a

bhíodh sí ag sníomh a bealaigh go mall trí chathair éicint. Léigh mé mo leabhar, mé leath im’ chodladh. Shuigh duine éicint síos ar an suíochán os mo chóir. Bhreathnaigh mé suas. Í féin. Chlaon mé mo chloigeann go cúramach, béasach, agus lean den léitheoireacht. Labhair sí, i mBéarla.

‘Ba mhaith liom labhairt leat.’

Bhreathnaigh mé suas.

‘Níl aon chompánach a’m, agus níl aon duine le castáil liom in Toronto. Meas tú an bhféadfainn fanacht leatsa. Níl aon duine a’m.’

Breathnaím uirthi gan dada a rá léi. Ach, arsa mé liom féin, ‘A stóirín geal mo chroí, rinne tú damhsa amháin liom, cúig lá ó shin. Dhiúltaigh tú an dara ceann agus d’imigh tú le duine éicint eile, agus anois seo thú, breá sásta tú féin agus do chuid trioblóidí a bhronnadh ormsa. Iontach! An-phlean go deo! Agus, ar ndóigh is amadán críochnaithe mise!’ Míním, go béasach, go bhfuil socruithe de mo chuid féin agamsa agus nach aon chuid de na socruithe sin ise, is baolach. I ndeireadh na dála, tar éis cúpla iarracht eile mé a mhealladh le seilbh a ghlacadh uirthi, éiríonn sí agus imíonn. B’in sin. Tús úrscéil? Ní hea mhuis. Mo chéad oíche i gCeanada sa bhliain 1957.

Chaith mé cúpla bliain ann, chas mé le lucht na Gaeilge, Gael-Cheanadaigh agus le Gaeil na Stát. Tharla cuid mhaith rudaí dom le linn mo thréimse ann agus mé in Toronto agus ó thuaidh sna foraoiseacha, agus sna mianaigh úráiniam, ach ní bhodhróidh mé tú leo. Bhí am iontach a’m ann agus,

nuair a tháinig mé abhaile, scríobh mé leabhar, an chéad leabhar Gaeilge a scríobhadh faoi Ceanada riamh, murar scríobh Donnchadh Rua Mac Conmara ceann nuair a bhí sé i dTalamh an Éisc thart ar 1740. Ní dóigh liom gur scríobh. Deirtear gur scríobh sé dán álainn nuair a bhí sé ann, *Bánchnoic Éireann Ó*, ach ba faoi Éire a bhí seisean ag scríobh, ní faoi Ceanada.

Beir beannacht óm’ chroí

Go tír na hÉireann

Bánchnoic Éireann Ó;

Chun a maireann de shíolra

Ír agus Éibhir

Ar bhánchnoic Éireann Ó.

Ní do mo chur fhéin i gcomparáid le Donnchadha Rua atá mé, i bhfad uaidh, fear an-chantalach a bhí ann dá fheabhas é mar fhile. Ach, le bheith i ndáiríre, is fíor gur scríobh mé an leabhar sin, *Idir Huron agus Hudson* sa bhliain 1965. Agus an rud ab iontaí faoi sin ná, blianta fada ina dhiaidh sin, 45 bliana le bheith cruinn, sa bhliain 2010, fuair mé scéal ó Ceanada, ó dhuine darb ainm Aralt Mac Giolla Chainnigh, a rá go raibh an leabhar léite aige agus go mba mhaith leis tuilleadh eolais a fháil mar gheall orm. Ollamh é Aralt sa Choláiste Míleata in Ontario. Rugadh i gCeanada é, agus a shinsir roimhe siar go dtí an naoú haois déag, ach tá Gaeilge líofa aige agus é ar a dhícheall ag iarraidh an Ghaeilge a leathnú i measc muintir Ceanada. Ní amháin sin, ach tá Gaeltacht bunaithe aige ann! ‘Gaeltacht Bhuan Mheiriceá Thuaidh.’ Nach iontach an



Cuid de Ghaeil Ceanada

smaoineamh é. Meas tú an í sin an t-aon Ghaeltacht ar Chlár na Cruinne nach labhraítear aon teanga inti ach Gaeilge?

Fear den ainm Séamus Mac Con Charraige a spreag Aralt. Bhunaigh Séamus, deartháir le hArt de Creag a bhíodh ag scríobh sa nuachtán 'Lá', *Cumann na Gaeltachta*. Ba é Séamus a smaoinigh ar Ghaeltacht Ceanadach a bhunú i dtosach. Tháinig an spreagadh ón méid a rinneadh do Ghaidhlic na hAlban in Cape Breton agus ag Oideas Gael i nGleann Cholm Cille.

Tá siad an-dáiríre nuair a bhaineann siad feidhm as an bhfocal 'Gaeltacht'. Tuigeann siad nach Gaeltacht sa ghnáthchiall atá acu. Ach is tús é. Níl sé i gceist go mbeidh daoine ina gcónaí ann go buan faoi láthair ach, de réir a chéile, tá súil acu go bhfásfaidh a leithéid de phobal. Tá an Ghaeltacht in Ontario, i gceantar Erinsville, ar 60 acra a cheannaigh siad ó fheirmeoir, taobh le hAbhainn na mBradán agus cóngarach do Loch Ontario, áit álainn, crainn ag fás ann, aimsir iontach, iontaofa.

Osclaíodh an Ghaeltacht go hoifigiúil ar an 15 Meitheamh, 2007. Bhí Declan Kelly, Ambasadóir na hÉireann go dtí Ceanada i láthair agus Helen Gannon, Comhaltas Ceoltóirí Éireann. Ní lorgaíonn Gaeltacht Bhuan Mheiriceá Thuaidh airgead ó aon rialtas, déanann siad

maoiniú ar gach rud trí scaireanna a dhíol leis an bpobal, ach gheall Éamonn Ó Cuív, a bhí ina Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag an am, €20,000 dóibh le hoiliúint a chur ar mhúinteoirí.

Tá plean acu cábáin a choinneoidh suas le 100 duine a thógáil agus tá clár leathan acu: Tumchlaíir Ghaeilge, Leabharlann Gaeilge agus Lárionad Foghlama, amhránaíocht ar an sean-nós, campaí samhraidh do pháistí bunscoile, cúrsaí creidiúnaithe do mhic léinn meánscoile, múinteoirí ó Éirinn a fhostú, múinteoirí dúchasacha a thraenáil, cláir mhalairte teaghlaigh as Gaeltachtaí na hÉireann, agus Díseart Gaeilge a bheith ann.

Pointe suimiúil. Tá na scaireanna go léir díolta. Is fiú \$500.00 an ceann anois iad mar gur mhéadaigh luach an tsuímh ó \$C59,900 nuair a cheannaíodh é in 2007 go dtí \$C110,000 in 2010. Má tá fonn ar dhuine scair a cheannach, is féidir é sin a dhéanamh mar bíonn daoine a cheannaigh níos mó na scair amháin sásta scair a dhíol ar ais leis an nGaeltacht le gur féidir baill bhreise a chlárú.

Tá forbairt á déanamh acu ar na healaíona, ar ndóigh, bíonn drámaí á scríobh agus á léiriú agus scríbhneoireacht i nGaeilge á spreagadh. Tá scríbhneoirí Gaeilge i gCeanada agus sampla suntasach

amháin is ea Tadhg Ó Muiris. Rugadh Tadhg in Toronto sa bhliain 1959 agus thug sé faoin nGaeilge a fhoghlaim nuair a bhí sé 16 bliana déag d'aois. Is cláirseoir é agus scríobhann sé amhráin i nGaeilge, focail agus ceol. Deireann Tadhg gur Ceanadach é de shliocht na nGael. Tháinig a mhuintir as Éirinn thart ar 150 bliain ó shin, agus lonnaigh siad in Abhantrach Uachtarach Ottawa. Ar ndóigh, thosaigh Éireannaigh ag lonnú ann san 18ú aois agus faoi lár an 19ú aois, Éireannaigh ab ea 75% den phobal in Abhantrach Ottawa, agus cainteoirí dúchais Ghaeilge ab ea iad leis. Ceoltóir é Tadhg Ó Muiris a bhain duaiseanna amach ag Fleadh Cheoil na hÉireann in 1988 agus 1999, agus bhí sé páirteach i mbunú Craobh Toronto de Chonradh na Gaeilge.

Seo véarsa amháin as amhrán de chuid Thaidhg:

Ar an mBóthar go Chapeau

Ar an mbóthar go Chapeau is mála ar mo ghualainn

Maidin bhreá fómhair ag bánú an lae

Bhí deargphaistí fuillteach' ar chrannchlúdach órga

Is brollach an tsléibhe dá mhuirniú faoin ngréin.

Ar dhroichead an mhuilinn a rinneas moill tamaill

Is scaíl na gcnoc daite i nguairnedín an tsruth'

Ach ba shearbh an sólás é áilleacht don ógfhear

Gur chuala a ghlór agus é bhí faoi ghruaim.

Is léir go bhfuil daoine cumasacha agus ealaíonta ag plé leis an nGaeilge i gCeanada. Is léir freisin go bhfuil ceangal láidir acu le Cúige Uladh ach tuige nach mbeadh ceangal acu i slí éigin le Conamara? Is gné láidir idirnáisiúnta den Ghaeilge iad. agus cá bhfios nach mbeadh nithe le foghlaim ag an dá cheantar óna chéile?

Bhí an-áthas orainn i mbliana nuair a thug Aralt, agus a bhean chéile Síle, cuairt orainn anseo i gCois Fharraige. Thabharfadh a bhfuil déanta, agus a bhfuil pleanáilte acu, spreagadh agus misneach dúinne atá ag treabhadh linn anseo. Ábhar dóchais dúinn uile Gaeltacht Bhuan Mheiriceá Thuaidh.

Scoil Cholmcille san 1st Lego League

Nuair a rinne Cumann Tuismitheoirí Scoil Cholmcille iarratas ar Ionad Oideachais na Gaillimhe i gcomhair ticéid chun go bhfreastalódh Rang a 5 & 6 ar Chraobh na hÉireann den 1st Lego League in Óstán an Radisson Blu, is beag a cheap siad go mbeadh Rang a 5 na scoile mar réaltaí an chomórtais! Tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa gcomórtas agus le tacaíocht ón bPríomhoide, Fil Uí Dhubhghaill, an mhúinteoir ranga Sarah Ní Choistealbha agus foireann Ionad Oideachais na Gaillimhe thug Rang a 5 faoin dúshlán a leagadh amach dóibh.

Agus gan dabht ba dúshlán an-mhór a bhí i gceist – ní raibh acu ach coicís chun róbat a dhéanamh agus a dheardh as Lego agus ansin bhí orthu clár speisialta a chur le chéile ar an ríomhaire go mbeadh ar a gcumas an róbat céanna a chur ag gluaiseacht agus ag déanamh

tascanna éagsúil ar an mbord speisialta “Smartmove”. I dtrí lá bhí “Robo 5” beirthe!!

Ina theannta sin bhí orthu tionscnamh, le taisteal agus cumarsáid mar théama, a dhéanamh agus a chur i láthair do na moltóirí ar an lá – anseo fuair siad

treoir ó chomhordaitheoir DEIS, Máirtín Breathnach. Cé nach raibh ach deichniúr ar an bhfoireann, ní raibh an chuid eile den rang díomhaoín ach oiread agus thug siad faoi dhamhsa nua a fhoghlaim chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann. In aon uair a chloig



Daltaí rang a 5 as Scoil Cholmcille, An Tulaigh ag glacadh páirt i gcrabobh na hÉireann den 1st Lego League in Óstán an Radisson Blu, Gaillimh sa bhFeabhra seo caite.

amháin i rith an bhriseadh lár téarma, chuir siad damhsa den scoth le chéile faoi stiúir Mhéabh Ní Fhoighil. Ba iad na damhsóirí óga seo a chuir críoch le himeachtaí an lae sa Radisson Blu ar an Satharn an 20/02/10

Mura raibh a ndóthain de dhúshlán ansin acu, bhí sé tugtha le fios dúinn go mba é seo an chéad uair riamh ar ghlac bunscoil páirt sa chomórtas agus go mbeadh siad in iomaíocht le foirne as Ranganna Idirbhliana ó gach ceard den tír. Níor bhreathnaigh sé gur chuir sé as rómhór d'ógánaigh na Tulaí agus is beag nár ardaigh an slua breá de thuismitheoirí agus lucht tacaíochta an díon nuair a fógraíodh ar chlár na bhfógraí go raibh "Robo 5" tar éis a bhealach a dhéanamh go dtí an 4ú áit as 12 scoil agus áit bainte amach aige sa gcrabhbheannais. Níorbh ar éifeacht ná ar fheabhas an róbait amháin a bhí pointí le buachaint agus

chruthaigh an fhoireann go raibh spiorad iontach foirne acu nuair a thug siad faoin tasc rúnda agus bhain an dara háit amach sa gcuid sin den chomórtas. Chuir siad a dtionscnamh i láthair go muiníneach as Gaeilge agus léirigh siad go raibh sáreolas acu faoin dtionscnamh a roghnaigh siad. Arís sa seomra teicneolaíochta, bhí siad in ann cur síos paiteanta a dhéanamh ar an gcaoi a chur siad an róbait agus an clár ríomhaire le chéile. Ba creidiúint dóibh



Team	Round 1	Round 2	Round 3	Ranking
Innealtóirí Inis Córthaidh	180	245	200	1
Droichead Átha 1	170	105	235	2
St. Gerald's Castlebar	180	95	145	3
Scoil Cholmcille	95	90	180	4
Ursuline	130	145	85	5
Cairde Cois Coiribe	155	135	155	6
St. Paul's Oughterard	90	155	145	7
Scoiláirí na Siannaine	30	115	135	8
Droichead Átha 2	85	15	45	9
Muintir Uí Mhuiri 2	125	85	120	10
Roscommon	55	15	15	11
Muintir Uí Mhuiri 1	25	15	15	12

é gur bhain siad amach an dara háit sa gcomórtas agus go bhfuair siad an ceann is fearr ar mheánscoileanna a raibh 6 mhí acu chun réiteach don chomórtas. Bhí an corn a bronnadh orthu i gcomhair iarracht speisialta

tuillte go maith acu!!!

Bhí lá iontach lán le spraoi agus spleodar ag na páistí agus thug Paul Sneem, láithreoir an lae, ardmholadh agus ómós dóibh. Murach dua agus dúthracht Chumann na dTuismitheoirí a d'eagraigh an bus agus sólaistí sa Radisson, an t-urraitheoir flaithiúil a d'íoc as an mbus, Mick Lohan, agus a chara, a mhúin do na páistí conas clár ríomhaireachta a chur le chéile, An Spailpín Fánach a phriontáil t-léinte ar bheagán fógra, agus ar ndóigh na gasúir iad féin, Fil agus Méabh "the dance teacher" (Paul Sneem) a tháinig isteach ar scoil i rith an bhriseadh lár téarma agus na tuismitheoirí a bhí toilteanach na gasúir a sheachadadh agus a rinne an bord don chúrsa "Smartmove" ní bheadh an seans iontach seo faighte ag daltaí Scoil Cholmcille!

Comhghairdeas ó chroí leo ar fad agus beidh muid feistithe níos fearr do chomórtas na bliana seo chugainn a bheidh ar siúl ar an 8 Eanáir 2011! Nár bhreá an rud é dá mbeadh foireann ó Scoil Cholmcille, An Tulaigh páirteach i gcrabhbheann domhanda "1st Lego League" i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an scoil ag tabhairt aghaidh ar cheiliúradh 50 bliain ar an bhfód!



Imeachtaí eile i Scoil na Tulaí

Ba iad Scoil na Tulaí a d’eagraigh na babhtáí áitiúla d’Fhéile Scoildrámaíochta na Gaillimhe arís i mbliana. Ghlac cúig dhráma as an scoil páirt sa chomórtas agus d’éirigh le ceithre cinn acu dul ar aghaidh go dtí Craobh Chonnacht i gCaisleán a’ Bharraigh.

Bhí muid thar a bheith sásta nuair bhuaigh an dráma “Sábháileann Peadar Piongain & a chairde an Domhan” scothléiriú na féile agus ainmniúchán chun páirt a ghlacadh i gCraobh na hÉireann sa Muileann Cearr mar aon le dhá dhráma eile as an scoil – “Artaban” (rang 5&6) agus “Cinnín Óir” (naíonáin mhóra). D’éirigh thar cionn leis na drámaí ar fad ach go háirithe le “Peadar Piongain” a thug Craobh na hÉireann siar thar an tSionainn!

Camógaíocht: Bhí an-bhliain ag foireann camógaíochta na scoile anuraidh. Bhuaigh siad Corn TG4 ar Pháirc na Tulaí sa mBealtaine agus ar an 11ú de Mheitheamh bhuaigh siad craobh an chontae i gComórtas Chumann na mBunscol nuair a fuair siad an ceann is fearr ar S.N. Chnoc Mhaoil Drisigh, An Chathair Bhán.

Peil: Bhuaigh foireann peile na mbuachaillí an Blitz Peile a eagraíonn Pádraic Ó Conaire go bliantúil do scoileanna Chonamara. Is é seo an dara bliain as a chéile an corn seo a bheith buaite ag an scoil.



Na Piongain:

Aisteoirí óga ó Scoil na Tulaí ag glacadh páirt i bhFéile Scoildrámaíochta na Gaillimhe a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna sa bhFeabhra seo caite. Thug an grúpa seo craobh na hÉireann leo leis an dráma “Sábháileann Peadar Piongain agus a chairde an domhan”



Jeaic: Naíonáin Bheaga as Scoil na Tulaí sa dráma, “Jeaic agus an Gas Pónaire” agus iad ag glacadh páirt i bhFéile Scoildrámaíochta na Gaillimhe a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna sa bhFeabhra seo caite.



Buaiteoirí Tg4: Foireann Camógaíochta, Scoil na Tulaí le Corn Tg4 a bhuaigh siad nuair a bhuaigh siad Gaelscoil Mhic Amhlaigh sa chluiche ceannais ar Pháirc na Tulaí sa mBealtaine seo caite.



Seán Geraghty ó Chumann Camógaíochta na Gaillimhe ag bronnadh na duaise do sháirimreoir an chluiche ar Shorcha Ní Bhraonáin, Scoil Cholmcille, tar éis an chluiche craoibhe de Chomórtas Chumann na mBunscol in aghaidh Chnoc Mhaoil Drisigh, An Chathair Bhán sa Meitheamh seo caite.

An-bhliain i Scoil Sailearna

Oireachtas na Gaeilge

Ghlac suas le scór gasúr páirt sna hagallaimh beirte agus sa damhsa ar an sean-nós ag Oireachtas na Gaeilge a bhí ar siúl i Leitir Ceanainn faoi Shamhain. Bhain chuile dhuine a ghlac páirt an-sásamh as agus d'éirigh le Sinéad Ní Mhaoláin agus Emma Ní Choisdealbha an dara háit a bhaint amach sna hagallaimh bheirte faoi-12. Bhain Mairéad Ní Chonghaile agus Rebecca Ní Fhátharta amach an dara háit faoi-15. D'éirigh thar cionn le Caoimhe Ní Chonghaile agus bhí sí ar ghearrliosta na ndamhsóirí ar an sean-nós. Ghlac sí páirt sa gclár teilifíse "Steip" ar TG4.

B'iontach go deo an oiread de phobal na scoile a fheiceáil agus iad gafa, gníomhach agus lárnach in imeachtaí an Oireachtais.

An tSeirbhís Charúl:

Faoi Nollaig, bhí Seirbhís Carúl againn i Séipéal an Chnoic agus b'álainn go deo an ócáid í. Le carúil, coinnle agus dánta diaga cothaíodh an-atmaisféar sa séipéal. Ghlac gasúir na scoile ar fad, ó Naíonáin Bheaga go Rang a 6, páirt ann, chomh maith le cuid de phobal tuismitheoirí na scoile. Cuireadh clabhsúr fíorspeisialta leis an oíche nuair a casadh 'Oíche Chiúin' agus gan de sholas sa séipéal ach na coinnle lasta coinnithe i lámha na gasúr.

Drámaíocht

D'éirigh thar barr linn arís ag an bhFéile Scoil drámaíochta i mbliana. Ghlac ceithre rang as an scoil páirt ann – Naíonáin Mhóra, Rang a 1, Rang a 2 agus Rang a 4. D'éirigh thar cionn leo ar fad. Bhí an Fhéile áitiúil thar cionn, a bhuíochas sin d'Fhil Uí Dhubhghaill agus Bríd Bleasdale as Scoil na Tulaí. I Seanscoil Sailearna a bhí sé ar siúl agus d'éirigh linn ar fad ainmniúchán a fháil chuig an bhFéile Cúige a bhí ar siúl i gCaisleán an Bharraigh. Dráma nua, 'Taimín, Cat na hAmharclainne', a chum Máire Uí Ghabhnáin an dráma a bhí ag Rang a 4. 'Saoire na mBan', dráma a chum Traolach Ó Conghaile a bhí ag Rang a 1/2. Fuair siad seo an chéad áit agus 'Scoth-léiriú na Féile' ag an bhFéile áitiúil agus fuair Aisling Ní Chonghaile, iníon Thraolaigh, gradam don 'Aisteoir is Fearr'. Leagan den 'Asarlaí as Oz' – 'Scéal Dorothy' – a bhí ag na Naíonáin Mhóra/Rang a 1, faoi stiúir Éilís Ní Chonaire. D'éirigh leis an 3 dhráma a ghabháil chomh fada le craobh na hÉireann ag an bhFéile Náisiúnta sa Muileann gCearr agus fuair 'Scéal Dorothy' an chéad áit ina rannóg fhéin.

Cúrsaí Spóirt

Ó thaobh cúrsaí spóirt de, bhí bliain mhaith againn chomh maith. Sa Liathróid Láimhe ar ndóigh d'éirigh le cúigear ón scoil a ghabháil chomh fada le Craobh na hÉireann de Chomórtas Chumann na mBunscol a bhí ar siúl i gCaisleán an Bharraigh i mbliana.

B'shin iad Cian Ó Conghaile (Buachaillí, Singil faoi-11), Tiffany Ní Choisdealbha (Cailíní, Singil faoi-11), Anna Ní Odhráin Ní Mhurchú (Cailíní, Singil faoi-13), Sinéad

Ní Mhaoláin agus Eimear Ní Bhiadha (Cailíní, Dúbailte faoi-13).

Ina theannta sin d'éirigh go maith leis na cailíní sa bpeil. Bhuaigh foireann peile na gcailíní an chéad áit ag Blitz na Scéime Oilíúna a eagraíonn Pádraic Ó Conaire chuile bhliain.

Éide Scoile

Tá suaitheantas nua ar gheansaí na scoile i mbliana agus uaidh seo amach an geansaí nua a cheannós tú sa siopa beidh an suaitheantas uirthi. Bhí comórtas againn le linn Seachtain Ealaín Bheo arú anuraidh le suaitheantas a dhearadh. Sí Becky Ní Éallaithe a bhí i Rang a 3 ag an am a tháinig aníos leis an dearadh álainn – gréasán ceilteach dearg ar chúlra oráiste agus buí. Cuireadh fochoiste le chéile ansin le mana nua a cheapadh – beirt mhúinteoirí, beirt de Choiste na dTuismitheoirí agus beirt den Bhord Bainistíochta. Roghnaíodh na téamaí ar dtús – an Ghaeilge, na suáilcí daonna agus an Creideamh. Tar éis go leor plé glacadh d'aonghuth leis an mana: Grá do Dhia, Grá dhá chéile, Grá don Ghaeilge. Tá 'Scoil Sailearna' scríofa in uachtar agus 'Indreabhán' in íochtar. Tá chuile dhuine an-sásta agus an-bhródúil den gheansaí scoile nua.

Suíomh Nua Idirlín

Tá suíomh nua idirlín ag an scoil, www.scoilsailearna.ie, agus uaidh seo amach beidh chuile eolas agus chuile scéal le fáil ar an suíomh seo. Tá buíochas mór ag gabháil do Mháire Seoighe as Béal an Daingin a bhí ag múineadh go sealadach sa scoil anuraidh. Thug sí an-chúnamh go deo leis an suíomh seo a chur i dtoll a chéile.



Ar chúl, ó chlé: Anna Ní Odhráin Ní Mhurchú, Eimear Ní Bhiadha, Sinéad Ní Mhaoláin. Chun tosaigh, ó chlé: Cian Ó Conghaile, Tiffany Ní Choisdealbha.

Liathróid Láimhe i Scoil Sailearna

Bhí an-bhliain againn arís i mbliana sa Liathróid Láimhe i Scoil Sailearna.

Faoi-11

Roimh an Nollaig reáchtáladh Comórtas Chumann na mBunscol dhá dheireadh seachtaine i ndiaidh a chéile. Reáchtáladh an comórtas Faoi-11 i mBaile Liam ar an 28ú lá fichead de Shamhain. Bhuaigh muid i chuile ghrád seachas ceann sa bpríomhchomórtas faoi-11 (ie. Comórtas an *Challenger Two*).

Buachaillí, Singil faoi-11: Cian Ó Conghaile (Scoil Sailearna).

Buachaillí, Dúbailte faoi-11: Rónán Ó Díoráin agus Gearóid Ó Conghaile (An Spidéal).

Cailíní, Singil faoi-11: Tiffany Ní Chonghaile (Scoil Sailearna).

Cailíní Dúbailte faoi-11: Majella Nic Dhonnacha agus Becky Ní Éallaithe (Scoil Sailearna).

Bhí an dara comórtas againn do thosaitheoirí faoi-11 – an Comórtas *Challenger One*.

B'as Scoil Sailearna na buaiteoirí ar fad:

Buachaillí, Singil faoi-11: Joe Ó Conghaile.

Buachaillí, Dúbailte faoi-11: Colm agus Oisín Ó Cualáin.

Cailíní, Singil faoi-11: Clíona Ní Fhlannaire.

Cailíní, Dúbailte faoi-11: Eileanór Ní Fhéinneadha agus Sadhbh Ní Chonghaile.

D'imir buaiteoirí sa bpríomhchomórtas i gCraobh Chonnacht i mBaile an Róba ar an 14ú lá d'Fheabhra. Bhí an mí-ádh ar Mhajaella agus Becky i gCraobh Chonnacht ach d'éirigh leis na himreoirí eile ar fad a bhuaigh Craobh na Gaillimhe a ghabháil ar aghaidh chomh fada leis an Lá Taispeántais idir na cúigí a bhí ar siúl i gCaisleán an Bharraigh i mbliana.

Faoi-13

Reáchtáladh an comórtas faoi-13 ar an 5ú lá de mhí na Nollag i nGleann Uisce.

D'éirigh go han-mhaith leis na cailíní sa bpríomhchomórtas:

Cailíní, Singil faoi-13: Anna Ní Odhráin Ní Mhurchú.

Cailíní, Dúbailte faoi-13: Eimear Ní Bhiadha agus Sinéad Ní Mhaoláin.

Bhuaigh an triúr arís i gCraobh Chonnacht i mBaile an Róba ar an 14ú lá d'Fheabhra. D'éirigh leo a ghabháil chomh fada leis an Lá Taispeántais idir na cúigí a bhí ar siúl i gCaisleán an Bharraigh.

Bhí an dara comórtas againn do thosaitheoirí faoi 13 – an comórtas *Challenger One*. D'éirigh thar barr linn arís:

Buachaillí, Singil faoi-13: Ryan Ó Máille.

Cailíní, Singil faoi-13: Caoimhe Ní Choisdealbha.

Cailíní, Dúbailte faoi-13: Mairéad Ní Chonghaile agus Emma Ní Choisdealbha.

Comórtas Challenger One

Le dhá bhliain anuas tá comórtas nua do thosaitheoirí ar bun sa gcontae – an Comórtas *Challenger One*. Tá suas le 14 scoil nach raibh aon traidisiún Liathróide Láimhe acu tosaithe á imirt anois. Imríodh na cluichí ceannais ar an

13ú Márta agus seo thíos na torthaí:

Cailíní, Singil faoi-11: Clare Conroy (Eanach Dhúin); 2ú háit: Eimear Ní Thuairisg (Scoil na Tulaí).

Cailíní, Dúbailte faoi-11: Máire Ní Fhéinne agus Fionnuala Grunell (An Spidéal); 2ú háit: Marie Greaney agus Sophie Smith (Eanach Dhúin).

Buachaillí, Singil faoi-11: Mikey Cullina (Baile Chláir); 2ú háit: Rónán Hardiman (Baile Átha an Rí).

Buachaillí, Dúbailte faoi-11: Dillon Grogan agus James Kelly (Scoil Phádraig); 2ú háit: Seán Ó Maoilchiaráin agus Cathal Ó Maoláin (Cill Rónáin).

Cailíní, Singil faoi-13: Siorcha Ní Fhrighil (an Spidéal); 2ú háit: Chloe Burke (Baile Nua).

Cailíní, Dúbailte faoi 13: Shauna King agus Michaela Roche (Baile Nua); 2ú háit: May Ní Choisdealbha agus Laura Ní hEifrín (An Spidéal).

Buachaillí, Singil faoi 13: James Kelly (Baile Átha an Rí); 2ú háit: Jonathan Ó Díreáin (Eoghanacht)

Buachaillí, Dúbailte faoi 13: Evan Naughton agus Marcus Ohlstrum (Scoil Phádraig); 2ú háit: Marcus Ó Flaithearta agus Patrick Ó Domhnaill.

Tá an-chreidiúint ag gabháil do Thimín Joe Tim a rinne go leor oibre le gasúir an Spidéil, do Jimí Joe Shéamuis a rinne go leor le gasúir Scoil na Tulaí agus do Mhícheál Pheaits Ó Cualáin a rinne go leor le gasúir Árann. Beidh a shliocht orthu!



Nuacht eile

Mar atá a fhios agaibh ó Bhiseach na bliana seo caite, tá pinniúr breá dúbailte liathróide láimhe i gclós Scoil Sailearna anois. Tá buíochas mór agus an-chreidiúint go deo ag gabháil do Thimín Joe Tim agus Jimí Joe Shéamuis (Cumann Liathróide Láimhe Mhícheál Breathnach) chomh maith le Roinn na Gaeltachta a thug cúnamh airgid le go dtógfaí an pinniúr seo. Cuireadh fál sreinge ar an bpinniúr thiar i rith an tsamhraidh le go mbeadh sé níos sábháilte anois ag lucht iománaíochta le a bheith ag imirt ann. Bhain gasúir na scoile agus iománaithe Chumann Mhícheál Breathnach an-úsáid as i rith an tséasúir seo caite.

Tharraing an sioc trom agus an reo mór a bhí againn faoi Nollaig seo go leor cainte sna meáin. Cé nárbh é an ceantar Chois Fharraige ba mheasa a d'fhulaing, bhí Loch Chlochar na gCon agus Loch Bhoth Loiscthe reoite, rud nár tharla cheana le blianta fada. D'fhág an reo trom a lorg fhéin ar phinniúr breá na scoile! Is cosúil nach raibh na tolláin a bhí ceaptha do na slata iarainn a bhí ag nascadh íochtar agus uachtar an phinniúir le chéile líonta go barr le coincreít mar a bhí ceaptha. Shíl uisce anuas sna tolláin seo agus leis an sioc mór, reoigh an t-uisce! Nuair a d'oscail an scoil sa mbliain nua tugadh faoi deara scoilteacha beaga anuas ar bhallaí an phinniúir. Cuireadh fios ar O'Reilly Concrete láithreach agus ghlac siad freagracht iomlán. Taobh istigh d'achar gairid bhí chuile shórt curtha ina cheart arís acu. Baineadh anuas píosaí den phinniúr arís agus cuireadh cuid nua ina n-áit. Ba mhó i bhfad an t-anró agus an costas a bhí i gceist leis seo ach siad O'Reilly Concrete a bhí á íoc an geábh seo!

Fearghas Mac Lochlainn

Pléaráca 2010



1 Ealaíon ag an bPléaráca

2 Gradam an Phléaráca á bhronnadh ar Risteard Mac Aodha. Jackie Mac Donncha atá i mbun cainte

3 Páidí Ó Lionáird

4 Vinnie Kilduff agus Darach Ó Tuairisg

5 Float an Phléaráca

6 Dara McGee i mbun deartha

7 Baint sásamh as an bPléaráca



Cá ndeachaigh an bhliain?

Máirín Uí Choileáin

Níl teora leis an oideachas agus ní as leabhra amháin a fhaightear é. Tá sé tábhachtach nach gcuirfí teora le foghlaim sna scoileanna trí dhíriú isteach ar scrúdaithe agus ar chóras na bpointí go huile is go hiomlán. Is iomaí sin saghas oideachais ann agus is iomaí sin tallann atá ag an duine. Déanann muid chuile iarracht na tallanna seo a chothú sa scoil trí bhéim a chur ar na healaíona chomh maith leis an spóirt agus ar ndóigh an léann.

Le deich mbliana anuas anois, tá athbheochan déanta ar an drámaíocht sa scoil. I mbliana arís, bhí an-bhliain ag roinn na drámaíochta agus fuair scoláirí ó bhlianta éagsúla seans na cláir a shiúl. Cuireadh dhá dhráma isteach ar dhá shraith comórtas agus d'éirigh thar cionn leo. Chuir grúpa as an gcéad bhliain 'An Maidrín Rua' ar stáitse in Amharclann Chois Fharraige, sa *Linen Hall* i gCaisléan an Bharraigh agus in Amharclann na Cathrach i nGaillimh, agus bhuaigh siad duais nuálaíochta i gCraobh na hÉireann den chomórtas 'Scléip' in Amharclann Axis i mBaile Munna.

Dráma leis an gceannródaí Mairéad Ní Ghráda, 'An Uacht' a thug an idirbhliain faoi, tar éis dóibh dráma eile dá gcuid a fheiceáil ar stáitse léirithe ag an gcomhlacht áitiúil "Fibín". Thug siad an camchuart céanna leis an gcéad bhliain orthu féin agus phioc siad suas cúpla cupán ar an mbealach, ina measc duais seite agus duais i gCraobh na hÉireann don Fhéile Scoil drámaíochta i gCaisléan an Bharraigh. Chomh maith leis sin, fuair Gráinne Ní Bheoláin duais an Bhanaisteora is Fearr i roinn na hidirbhliana agus Antaine Ó Laoi an tAisteoir is fearr sa roinn shóisearach den Fhéile Scoil drámaíochta. Is iomaí sin magadh is gáire a bhí againn is muid ag ullmhú na ndrámái agus b'fhiú go mór iad a dhéanamh dó sin amháin. Ní raibh sna duaiseanna ach an dlaoi mhullaigh!

Ba mhór dhúinn againn an cúnamh groíúil airgeadais a fuair muid ón gcoiste forbartha áitiúil agus ó thimire Gaeilge an Choiste Gairmoideachais, Tomás Breathnach. Is costas mór do scoil ar bith na laethanta seo costais taistil agus bhí

muid thar a bheith buíoch beannachtach as ucht a bhflaithiúlacht. Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus is deas an rud é go mbíonn eagraíochtaí éagsúla sa bparóiste sásta tacú lena chéile. Is mór an chúnadh dúinn a bheith in ann cleachtadh uaireanta in amharclann Chois Fharraige, ó tharla muid a bheith chomh teanntaithe ó thaobh spáis de sa scoil.

Chun ár gcion beag féin a dhéanamh sa bparóiste, léirigh muid na drámái in Áras na Seandaoine ar An Tulaigh agus i Scoil Sailearna agus baineadh an-sásamh astu sa dá áit. Ina theannta sin chuir an idirbhliain seónna puipéad ar fáil i Scoil Sailearna agus san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh agus gheall siad croíthe na ngasúr óg. Thug grúpa d'aisteoirí na scoile na bonnacháí don bhóthar aimsir an Phléaráca ansin agus ghlacadar páirt sa mórshiúl a chuir tús le himeachtaí na deireadh seachtaine sin.

Chomh maith le deis a thabhairt do scoláirí drámái a chur ar ardán, tugadh deis foghlamtha dóibh freisin i bhfoirm ceardlann drámaíochta don chéad bhliain a eagraíodh i rith sheachtain na Gaeilge i gcomhar le Taibhdhearc na Gaillimhe. Áine Ní Dhroighneáin agus Tara Bhreathnach, beirt bhanaisteoirí proifisiúnta, a sholáthraigh sár-cheardlann do ghlúin aisteoirí óga. Tháinig Darach Ó Tuairisc ón gcomhlacht "Fibín" isteach chugainn freisin agus bhain an idirbhliain an-sásamh go deo as an méid a bhí le rá ag an iarscoláire obligeádach seo a roinn a thaithí is a thalann leo agus a thug deis dóibh feidhmiú leis na puipéid ghalánta. Cá bhfios amach anseo nach mbeadh duine acusan ag siúl ina choiscéimeanna!

Chun cultúr is traidisiúin a chaomhnú ní mór iad a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlún eile. Rinne muid iarracht sin a dhéanamh i gcaitheamh na bliana trí aoichainteoirí cosúil le Máirín Mhic Lochlainn a thabhairt isteach chun blaiseadh den seanchaí is de sheanchas na háite a thabhairt dóibh. Tháinig Tadhg Mac Dhonnagáin isteach chucu freisin is thug blaiseadh den chultúr nua, áit a bhfuil an Ghaeilge i lár an aonaigh, is thaispeáin dóibh conas mar a ghintear scéal, bíodh sé don scáileán mhór nó beag nó do phár.

Cuireadh ceardlanna scríbhneoireachta ar fáil dóibh siúd a bhí ag iarraidh dul i mbun pinn faoi stiúir Jeaicí Mac Donnacha. Dóibh siúd a chuaigh sa seans, is iomaí sin duais a phioc siad suas i gcomórtais leis an gCoiste Gairmoideachais, Conradh na Gaeilge agus fiú ag an Oireachtas féin. Nár laga Dia iad!

Ní leis na healaíona amháin a bhí scoláirí gnóthach i gColáiste Cholmcille i mbliana mar ní dhearnamar dearmad ar an timpeallacht ach oiread. Mar thogra do scrúdú an teastas shóisearaigh ghlac rang 2A1 orthu féin an brat glas a athnuachan faoi théama an taistil. Idir ceardlanna, cainteanna, suirbhéanna, taispeántais is siúlóidí, d'oibrigh siad go dian dícheallach ar son na cúise agus tá muid thar a bheith bródúil gur bronnadh an ceathrú brat glas ar an scoil ag tús an tsamhraidh. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh daoine óga gur féidir leo difríocht a dhéanamh agus go bhfuil sé de dhualgas orthu, mar shaoránaigh gníomhacha, a gcion féin a dhéanamh.

* * *



Foireann Sinsir Peile 2010

Ar chúil: Adrian Ó Tuathail, Rónán Ó Fátharta, Diarmuid Ó Maoileoin, Diarmuid Ó Feimeadhá, Caoimhín Mac an tSaoir, Ciarán Ó Cadhain, Tommy Ó Conghaile, Donal Ó Curraoin, Séan Ó Feimeadhá, Peadar Óg Ó Gríofa.

Chun tosaigh: Máirtín Ó Maoileoin, Seosamh Ó Conaire (Captaen), Andriú Ó Gabhínáin, Pádraig Tím Ó Conghaile, Cian Ó Gríofa, Feargal Mac Diarmada, Gearóid Willie Ó Fátharta, Antaoine Ó Feimeadhá, Barraí Ó Conghaile, Steve Pháidín Ó Coistealbha, Seamas Ó Maoileoin, Peadar Ó Cionnaíth.

Cumann

Mícheál Breathnach

Conall Ó Céidigh (Rúnaí)

Is 2010 ag teacht chun críche, agus muid ag tarraingt ar bhliain nua úr i 2011, tá Cumann Mícheál Breathnach fós i dul i bhfeabhas sa bpobal agus muid ag freastal ar mhuintir na háite ó Droichead an Spidéil chomh fada le Droichead Chasla. Tá ag eirí go híontach leis an gCumann ar an bpáirc agus fiú amháin dhó. Tá muid tar éis tosú ar an fhorbairt a bhí geallta againn le blianta anuas agus formhór an bhuíochais sin ag dul dóibh fhéin, ár gcuid baill agus locht leanúna. Tá céim a haon don togra tógála a bhí leagtha amach againn faoi lán tseoil. Is gcearr go mbeidh an Pháirc Spraoi críochnaithe in aice leis an seastán agus nach deas an áis é a bheith le fáil taobh na páirce d'aos óg na háite. Le cúnamh Dé beidh muid ag tosú ar an dara céim don togra tógála, an Pháirc Uile-Aimsire, go an-luath i 2011.

An Fhoireann Sinsir Peile

Tá ag éirí go maith le foireann sinsir peile an Chumainn agus iad ar bharr na sraithe i láthair na huaire le 11 phointe agus dhá chluiche fágtha acu, i gcoinne Réalta Thuama sa mbaile agus i gcoinne Mhaigh Cuilinn as baile. Má éiríonn leo ceann de na cluichí seo a bhuachan beidh siad i gCluiche Ceannais na Sraithe don bhliain seo. Go dtí seo, i sraith an Chontae, d'éirigh leo an láimh in uachtar a fháil ar Sheamróga Chartúin, Baile Chláir na Gaillimhe, Cealtrach, Baile an Mhuilinn, agus Eanach Cuain. Chríochnaigh siad ar chomhscór leis an gCeathrú Rua agus chlis siad uair amháin sa tsraith go dtí seo, i gcoinne Choraifinne. Chomh maith leis sin, bhí an-bhua go deo acu in aghaidh Chathair na Mart i gcomórtas Chorn Chonnachta.

Sa gCraobh i mbliana, chaill siad a gcluiche chéad bhabhta i gcoinne Bhaile an Mhuilinn ach d'éirigh leo a gcluiche cúldorais a bhuachan in aghaidh fhoireann na cathrach Naomh Mícheál 0-10 i gcoinne 1-6 le sár-phointe ó Fhiach Ó Bearra. Sa dara babhta ní raibh an

t-ádh ar leids na Breathnaigh i gcoinne sheaimpíní an chontae, Coraifinne agus chlis orthu leis an scór 1-14 in aghaidh 0-11. Bígí ag faire amach an chéad bhliain eile!

An Fhoireann Sóisir A

Sa gCraobh Sóisir "A" i mbliana, bhí an bua ag an fhoireann Sóisir ar Naomh Seamas, chríochnaigh siad ar comhscór le Bóthar na Trá/Cnoc na Cathrach agus chaill siad a gcluiche i gcoinne na Ceathrú Rua rud a d'fhág nár cháiligh siad do na cluichí ceathrú ceannais sa ngrád seo.

Sa tríú háit a chríochnaigh siad i Roinn 1 an Iarthar sa ngrád seo, ag baint amach buanna i gcoinne Oilean Árainn, An Fhairche, Rinn Mhaoile, agus Naomh Colmán. Chríochnaigh siad ar chomhscór le Bóthar na Trá/Cnoc na Cathrach sa tsraith freisin agus chlis orthu ina gcuid cluichí in aghaidh na bPiarsach agus Chill Aithnín.

An Fhoireann Sóisir B

Cé gur chlis ar an bhfoireann Sóisir B i gcluiche Ceathrú Ceannais na Sraithe i gcoinne Bhóthar na

Trá/Cnoc na Cathrach, chríochnaigh siad sa gceathrú háit sa tsraith agus bhí orthu dul i muinín cluichí cáilithe chun dul ar aghaidh sa tsraith. Bhí dhá bhua maith acu sna cluichí cáilithe sin, i gcoinne Chumann an Athar Uí Ghríofa/Éire Óg agus in aghaidh Chinn Mhara, agus cháiligh siad do na cluichí leathcheannais áit a gcasfaidh siad ar Mhaigh Cuilinn sna seachtainí amach romhainn.

Cúrsaí Iománaíochta

Tá cúpla cluiche le n-imirt fós i mbliana ag an fhoireann sóisir agus súil againn greim a choinneal ar ár stádas i Roinn B na Gaillimhe. Tá cluiche ceannais Shraith na Cathrach in aghaidh an Spidéil le n-imirt fós againn agus ár n-imreoirí ag súil go mór leis. Bhí an mí-ádh ceart orainn an séasúr seo ó thaobh gortaithe de agus ní rabhamar in ann na foirne ab fhearr a chur chun páirce in aon chluiche Sraithe ná Craoibhe go dtí seo.

Mar bharr ar an mí-ádh sin chailleamar an Corn Ceilteach freisin i dtús an Earraigh nuair a fuair foireann na hAlban an bua



Tabhairt bata is bóthar do na hAlbanaigh bochta!

orainn sa gcluiche iománaíocht / camanachda imríodh ar an Oileán Sciathánach in Albain. Cé nach raibh an Corn ag teacht abhaile againn bhí an-spraoi ag na himreoirí an deireadh seachtaine sin agus ní amháin gur imir siad an-chluiche ach chaith siad tamall ag roinnt a scileanna iomána le gasúir óga an oileáin. Ar ndóigh thug foireann na hAlban cuairt anseo orainn aríst le gairid, ach an iarraidh seo níor dearnadh aon bhotún. Tá an Corn Ceilteach tagtha abhaile aríst go Conamara mar fuair Cumann Mícheál Breathnach an ceann is fearr ar Albain leis an scór 2-09 in aghaidh 0-13.

Ní raibh an t-ádh lenár bhfoireann mionúir ná ar an bhfoireann faoi-21 sna comórtais éagsúla sa gContae ach tá an-imreoirí faoi aois ag teacht chun cinn sa gCumann agus d'imir duine acu sin, Ruadhán Ó Béarra do Ghaillimh i gCluiche Ceannais faoi-16 na hÉireann i mblíana. Más fíor do chaptaen Loch Garman, Diarmuid Lyng, a bhí mar thraenálaí ag an gCampa Iomána i rith an tsamhraidh, ní fada go mbeidh cúpla duine eile as an gClub

ag caitheamh geansaí na Gaillimhe.

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh lenár gCoiste, lenár dtraenálaíthe agus lenár roghnóirí, le Al Hayes Motors a bhronn geansaithe nua orainn ag tús na bliana, lenár lucht tacaíochta agus go háirithe lenár n-imreoirí, tá súil agam go mbeidh chuile dhuine i mbarr a shláinte agus réidh le dul chun páirce ag tús an tséasúir atá le theacht.

Lá na gClubanna

Bhí an-lá ag an gCumann aríst i mblíana nuair a reáchtáil muid Lá na gClubanna ar Pháirc an Chnoic den dara bliain as a chéile, ar an 10ú lá do Bhealtaine. Is ceiliúradh é seo ar an dáta a bunaíodh an CLG agus bíonn lucht leanúna an Chumainn ar fad i láthair leis an lá a cheiliúradh. Bhí neart spóirt is spraoi ag chuile dhuine idir shean is óg a bhí i láthair. Bhí neart le deanamh freisin, idir peil, iománaíocht, camógaíocht, rásaí mála, cic éirice ó na over 40's agus neart le n-ithe agus le n-ól. Bhí BBQ ann an lá sin freisin, chomh maith le siopa agus uachtar reoite do na gasúir. Tá neart pictiúir de Lá na gClubanna 2009 agus 2010 le feiceáil

ar ár suíomh idirlín ag www.michealbreathnach.com

Ceist GAA le Hector

Bhí foireann ag an gCumann freisin i mblíana ar an sraith nua ar TG4, Ceist GAA le Hector. Ba iad Léan Bán Breathnach, Cárthach Bán Breathnach agus Paddy Griffen a bhí ag deanamh a ndíol ag freagairt na gceisteanna. Sa gcead bhabhta fuair siad an ceann is fearr ar Raonaithe na Croise as Ard Mhacha. Thug an bua sin chomh fada leis an mbabhta ceathrú ceannais iad. Go n-éirí leo.

Foireann Mionúir na Gaillimhe

Is dóigh go bhfuil 'fhios ag an gcuid is mó agaibh go raibh triúir imreoirí de chuid an Chumainn ar fhoireann mionúir peile na Gaillimhe i mblíana. B'iad sin Peadar Óg Ó Gríofa as an Teach Mór, Fiach Ó Bearra as Both Chuanna agus an captaen é fhéin, Fiontán Ó Curraoin as an gCathair, a bhí ag crochadh an bhrait duinn. D'éirigh leo dhul chomh fada leis an gcluiche leathcheannais i bPáirc an Chrócaigh áit a bhfuair Corcaigh an ceann is fearr orthu leis an mbearna ba lú. Bhí muid ar fad an-bhródúil

go deo as an méid a rinne siad i rith na bliana do Ghaillimh agus duinn fhéin go deimhin.

Campaí Samhraidh 2010

Le cúpla bliain anuas anois, bíonn an Cumann ag réachtáil Campaí Samhraidh ar Pháirc an Chnoic. Bíonn campa peile agus campa iománaíochta eagraithe againn chuile bliain sa gcaoi go mbeidh peileadóirí agus iománaithe óga an Chumainn in ann feabhas a chuir ar bhur gcuid scileanna. Bíonn spóirt agus spraoi ag chuile ghasúr a bhíonn páirteach sna campaí agus dhá bhuíochas sin do na duine ar fad a thugann cúnamh. Ba mhaith linn freisin buíochas a ghlacadh le Roinn na Gaeltachta as ucht airgead a chuir ar fáil duinn le cuidiú leis an réachtáil chomh maith le feisteas a fháil do na gasúir ar fad. B'fhéidir go bhfeicfeadh muid cúpla gasúr fós amach sna blianta agus gealsaí na Gaillimhe á chaitheamh acu.

Nuatheicneolaíocht

Tá an Cumann le fáil anois ar

an www.michealbreathnach.com. Tá leathanach nua Facebook againn chomh maith. Freisin, is féidir ár lotto a cheannacht díreach ón suíomh chomh maith le do chuid ballraíochta a íoc nó seaicéad nó caipín an chumainn a fháil dhuit fhéin. Is féidir an lotto a imirt ar feadh deich seachtainí nó leathbhliain nó bliain iomlán fiú. I mbliana, bhí buaiteoir againn ar an lotto nuair a bhuaigh Josephine "Roddy" McElhinney €12,900 ar an 27ú Iúil.

Bíonn sí ag imirt a cuid lotto ar líne agus faigheann sí teacs agus ríomhphost chuile sheachtain ag tabhairt na dtorthaí lotto agus scéalta nuachta an Chumainn. Má tá suim agat sa tseirbhís seo, teigh chuig www.michealbreathnach.com agus tabhair dúinn do seoladh ríomhphost. Is féidir freisin neart nuachta a fháil ar an suíomh chomh maith le táblaí, pictiúir, físeán, leathanach grinn agus neart eile.

Chomórtas Peile na Gaeltacht

I mbliana is iad Cumann Mhícheál Breathnach a réachtáil an Comórtas

Áitiúil de Chomórtas Peile na Gaeltachta. Is ar an 2ú agus 3ú Bealtaine a tháinig na foirne le chéile ar Pháirc an Chnoic in Indreabhán leis an máilín gaoithe a bhualadh thart.

Sa gComórtas Sóisir bhí Oileán Árann, Rinn Mhaoile, An Spidéal agus An Cheathrú Rua. Sna Sinsir bhí muid fhéin, Bearna, An Cheathrú Rua agus Naomh Anna Leitir Móir. B'iad Bearna a thug leo an bua sna Sinsir agus An Spidéal sna Sóisir. Sa gComórtas faoi-16 b'iad An Cheathrú Rua a thug leo an lá in aghaidh Bhearna. Tá buíochas ag dul do chuile dhuine a thug cúnamh leis an Deireadh Seachtaine seo a réachtáil.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a chuir in iúil dár lucht leanúna, dár mbaill, dár n-imreoirí agus dár n-urraithe. Is sibh atá ag coinneáil an Chumainn láidir le bhur gcúnamh leis an lotto agus an 50/50. Má leanann muid orainn, níl dabht ar bith nach mbeidh Cumann Mhícheál Breathnach ar cheann de na Cumainn is fearr sa tír.



Caiptín gliondrach Mhícheál Breathnach, Enda Ó Tuathail tar éis a mbua in aghaidh na hAlban sa gcomórtas bliantúil Shinty le gairid. Sa bpictiúr freisin, tá Seán Bán Breathnach, Eoghan Stewart, bainisteoir fhoireann na hAlban agus Alan Milton, Bainisteoir Cumarsáide Pháirc an Chrócaigh. Tá Joe Ó Conghaile ag coinneáil súil ar na himeachtaí as as mbosca tráchttaireachta i gcuideachta Sheáin Uí Mhainnín.



Foireann Iománaíochta 2010

Ar chúl, ó chlé: Diarmuid Ó Ceallaigh, Colm Ó Cuiv, Antaine Ó Finneadhá, Diarmaid Ó Finneadhá, Cian Mac Giolla Bhirde, Réamonn Ó Maoilídhia, Gearóid Ó Finneadhá, Máirtín Ó Tuathail, Breandán Ó Conghaile, Kevin Óg Ó Conghaile, Páirc Mac Giolla Bhirde, Kevin Mhaidhc Ó Conghaile, Ruairt Ó Néill, Jeac Mac Giolla Bhirde, Marc Mac Cormaic, Oisín Ó Ceallaigh.

Chun tosaigh, ó chlé: Micheál Ó Suilleabháin, Sean Ó Finneadhá, Séamus Ó Fátharta, Tomás Ó Riada, Cárthach Breatlmach, Fiontán Ó Tuathail, Naoise Ó Lionáird, Enda Ó Tuathail, Adrian Ó Tuathail, Gearóid Ó Conghaile, Seán Denwir, Ruaidhrí Ó Béarra.

Cumann Camógaíochta

Chois Fharraige

D'fhag trí bhus ó Pháirc na mBreathnaigh ag a 8.00am ar an 12ú Meán Fómhair agus muid ag tabhairt ár n-aghaidhe ar Bhaile Átha Chliath do Chluiche Ceannais Camógaíochta na hÉireann. Bhí 45 dhuine fásta agus 80 cailíní óga sa slua! Chuile dhuine ar bís ag súil leis an lá mór. Bhí beirt d'fhoireann na Gaillimhe a raibh súil againn iad a fheiceáil ag imirt an lá sin; Aislinn Ní Chonghaile ón gCaisleán Gearr agus Veronica Curtin as Cinn Mhara. Iníon le John Connolly, an t-íománaí cailiúil, í Aislinn agus tá baint mhór ag a muintir le Conamara.

Tá dlúthbhaint ag Veronica Curtin leis an gClub seo againne le blianta. Tugann sí cuairt orainn go minic agus roinneann sí a cuid scileanna go flaithiúil leis na cailíní seo againne. Bhí muid ar fad díomuach nár éirigh le mná na Gaillimhe an Corn a thabhairt leo ach beidh arís ann le cúnamh Dé. D'imir Aislinn agus Veronica an-mhaith ar an lá ach faraor níorbh leor é!

Ach bhí ábhar cheiliúrtha ag mná Chois Fharraige mar go raibh an fhoireann Faoi-12 seo againne ag imirt ag leath-am ar an "Talamh Naofa". Bhí CC Chois Fharraige ag imirt in aghaidh CC Chill Rois (Loch Gorman) agus bhuaigh siad le dhá chúl ghleoithe ó Shorcha Ní Fhrighil (Na Forbacha) Bhí muid ar fad fíorbhródúil as leibhéal na scileanna a thaispeáin siad ar an lá agus le cúnamh De ní bheidh sé i bhfad go mbeidh mná as Cois Fharraige ag imirt arís i bPáirc an Chrócaigh ar an lá mór!

Bhí sé d'onóir acu freisin siúl sa pharáid mhór i ndiaidh an "Bhanna Bhuachaillí Ard Aidhin". Do-chreidthe!

Thall, Cailíní Chois Fharraige ag máirseáil ar Pháirc an Chrócaigh, ag caitheamh geansaithe na Gaillimhe agus na mílte ag breathnú orthu! Seo iad na cailíní a bhí ag imirt i bPáirc an Chrócaigh: Sorcha Ní Fhrighil, Sorcha Ní Bhraonáin, Méabh Nic Dhonncha, Caoimhe Ní Choisdealbha, Laura Ní hEimhrín, Sinéad Ní Mhaoláin, Maeve Ní Churraoin, Caoimhe Ní Chonghaile, Niamh Ní Chuinn agus Aoife Nic Giolla Choinnigh. Muid ar fad an-bhródúil astu. Gura fada buan iad!



An lá mór i bPáirc an Chrócaigh

Foireann Camógaíochta Faoi-11 Chois Fharraige

Aodhán agus Bridie Mhic Chormaic



Seaimpíní an Chontae 2010

Bhuaigh Chumann Camógaíochta Chois Fharraige Sraith na Cathrach Faoi-11 den chéad uair riamh nuair a bhuail siad Órán Mór sa chluiche ceannais ar an Domhnach 10ú Deireadh Fómhair 2010. Bhuail an fhoireann éirimiúil seo foirne móra le rá ó oirthear na Gaillimhe, ar nós Órán Mór, An Caisleán Gearr, Turlach Mór agus An Carn Mór, ar an mbealach chuig an gcluiche ceannais, áit ar bhuail siad Órán Mór den dara huair. Sa chluiche leathcheannais, rinne na cailíní gaisce foireann láidir ón gCarn Mór a bhuailleadh tar éis athimeartha agus am breise. Is cinnte go n-imreoidh roinnt de na himreoirí seo d'fhoireann an chontae má leanann siad ar aghaidh leis an gcamógaíocht. Tá Cumann Camógaíochta Chois Fharraige thar a bheith bródúil as a bhfuil bainte amach acu go dtí seo.

An Fhoireann

Ar chúil, ó chlé:

Máirtín Ó Ceallacháin, Majella Nic Dhonncha, Ciara Nic an Ultaigh, Rachel Nic an Ultaigh, Sadhb Ní Chonghaile, Tiffany Ní Choistealbha (Captaen), Mary Ní Fheinneadha, Emer Ní Thuairisg, Laoise Breathnach, Maela Ní Choistealbha, Fionnuala Groonell, Aodhán Mac Cormaic.

Chun tosaigh, ó chlé:

Caitríona Uí Fhrighil, Blanca Ní Dhonnabháin, Becky Ní Éallaithe, Róisín Ní Cheallacháin, Aoife Nic Chormaic, Emer Nic Dhonncha, Sinéad Ní Chonchubhair, Máire Ní Fhrighil, Éabha Ní Chonláin, Liadh Robertson, Sadhb Howlin, Bridie Mhic Chormaic.

Cumann Liathróid Láimhe

Mhichíl Bhreathnaigh

Jimí Ó Fátharta

Bliain eile iontach a bhí ag an gCumann i mbliana, i gcéin agus i gcógar. Chuaigh na déaga go Portland Oregon i mí Dheireadh Fómhair chuig an gComórtas Domhanda, áit ar bhain na cailíní amach trí Chraobh Dhomhanda, Ciana Ní Churraoin dhá chraobh Faoi-13 agus Sinéad Ní Ainlí an chraobh do Mhná Grád C.



Séamas Ó Fátharta, Bobbí Uí hAinlí, Treasa Uí Fhátharta, Anna Ní Bhraonáin, Sinéad Ní hAinlí, Gerry Ó Fátharta, Timín Ó Curraidhín, Fearghas Mac Lochlainn, Ciarán Ó Conghaile, Caitlín Uí Bhraonáin, Cian Ó Fátharta, Séamas Darby Ó Fátharta agus Diarmaid Ó Fátharta. Bhí Gearóidín Ní Chadhain as láthair don ócáid cheiliúrtha seo tar éis an chomórtais.

Chuir chuile dhuine suas an-seó ón gcéad chluiche go dtí na cluichí ceathrú ceannais, leathcheannais agus ceannais. Orthu sin bhí Stiofán Ó Béarra, Fiontán Ó Curraoin, Bobbí Uí Ainlí, Séamus Ó Fátharta agus Timín Ó Curraidhín. B'iontach an turas é agus chuile dhuine ag baint sult agus taithneamh as ó d'fhág siad Cois Fharraige go Baile Átha Cliath, Chicago, San Francisco agus Portland féin. Ní hé chuile lá a dtéann duine ar thrí eitleán agus ar ais aríst tar éis coicise.

Áit iontach amach is amach é Portland Oregon, aimsir álainn ann agus gan é ró-the ná rófhuar sa

tráthnóna. Trí ionad a bhí i gceist ag an gComórtas Domhanda seo, ghlac 992 imreoir páirt ann agus b'as Éirinn 262 acu sin. Ní raibh ach 12 mhíle idir na hionaid ar fad ina raibh 18 gcinn de phinniúir agus 3 cinn aon bhalla.

Rinne Micheál Breathnach ón gcomhlacht MMB Teo. Urraíocht bhreá ar 'hoodies' agus rinne CLG na Gaillimhe urraíocht ar na cultacha spóirt a bhí le feiceáil go soiléir ar fud Mheiriceá.

Ach níor stop sin an taisteal go Meiriceá mar faoi Nollaig chuaigh Ciana Ní Churraoin agus a máthair,



Na himreoirí buacacha Anna, Siorcha Ní Bhraonáin le baill eile de theaghlach Uí Bhraonáin as an Teach Mór.

Frances, in éineacht léi ar ais go Chicago, áit ar bhuaigh sí Craobh Náisiúnta Mheiriceá. Anseo in Éirinn, bhuaigh Ciana in aghaidh rogha na coitiantachta, Lauren Ó Riordáin agus Martina Ní Mhathúna i mí na Samhna agus is as sin a chuaigh sí go Chicago dá bua mór ansin. Ba é an t-imreoir Ducs Breathnach a bhí mar thraenálaí aici.

Ag Baile

Anseo sa mbaile ghlac imreoirí an Chumainn páirt sna comórtais éagsúla i rith na bliana, mar is gnách, agus seo cuid de na buaiteoirí:

Craobh an Chontae, Comórtas "A" do Chailíní –

Faoi-12, Singil: Anna Ní Ódhráin Ní Mhurchú. Chuaigh sí ar aghaidh as sin gur bhuaigh sí Craobh Chonnacht chomh maith.

Faoi-12, Dúbailte: Eimear Ní Bhiaidh agus Sinéad Ní Mhaoláin a chuaigh ar aghaidh gur bhuaigh siad Craobh Chonnacht freisin.

Faoi-14, Singil: Ciana Ní Churraoin. Chuaigh sí ar aghaidh as sin gur bhuaigh sí Craobh Chonnacht agus an Chraobh Uile-Éireann ina dhiaidh sin.

Faoi-16, Dúbailte: Róisín Ní Chonghaile as an gCnoc agus Róisín Ní Chonghaile as Maigh Cuilinn a chuaigh ar aghaidh gur bhuaigh siad Craobh Chonnacht.

Faoi-17, Singil: Sinéad Ní hAinlí.

Craobh an Chontae, Comórtas "B" do Chailíní –

Faoi-10, Singil: Róisín Ní Ghionnáin.

Faoi-10, Dúbailte: Máire Ní Fhrighil agus Aislín Ní Fhurgais.

Faoi-11, Singil: Tiffiney Ní Choisdealbha.

Faoi-11, Dúbailte: Majella Nic Dhonncha agus Becky Ní Éalaithe.

Faoi-12, Singil: Siorcha Ní Bhraonáin.

Faoi-12, Dúbailte: Siorcha Ní Fhrighil agus Caoimhe Ní Choisdealbha.

Faoi-14, Dúbailte: Adhna Ní Bhraonáin agus Lisa Ní Chadhain.

Faoi-16, Singil: Camila Ní Fhátharta.

Craobh an Chontae, Comórtas "B" do Bhuachaillí –

Faoi-10, Singil: Máirtín Ó Maoláin.

Faoi-10, Dúbailte: Liam Ó Fátharta agus John Ó Biaidh.

Faoi-11, Dúbailte: Aaron Bolstrum agus Con Ó Gibne.

Faoi-12, Singil: Cian Ó Conghaile.

Faoi-12, Dúbailte: Ruadhan Ó Curraoin agus Oisín Ó Cualáin.

Faoi-13, Dúbailte: Rónán Ó Curraoin agus Dinny Ó hÉalaithe.

Faoi-15, Dúbailte: Damian Ó Coisdealbha agus Seán Hill.

Comórtas Fhéile na nGael

I gCo. An Chláir a bhí Féile na nGael i mbliana agus i láthair aige sin don Chumann bhí dhá fhoireann cailíní agus foireann amháin buachaillí. Rinne na cailíní i ngrád "A" éacht eile fós mar gur bhuaigh siad den dara bliain as a chéile. Chuir an dara grúpa cailíní an-taispeántas suas freisin agus iad óg go leor ar feadh cúpla bliain eile.

Bhí caighdeán an-ard go deo i gcomórtas na mbuachaillí ach rinne siad sár-iarracht agus bhain siad an-sult as na himeachtaí. Bhain Ciana Ní Churraoin amach comórtas na scileanna ag an bhFéile.

Bhí bratach nua glan as an bpíosa ag an gCumann i mbliana agus iad ar thosach an mhórshiúil in Inis, mar gurb iad a bhuaigh an Comórtas anuraidh. Rinne "Glór na nGael" Chumann Forbartha Chois Fharraige urraíocht ar fheistias na foirne don Fhéile. Seo a leanas na foirne a bhí i láthair thar cheann an Chumainn:

Foireann "D" na gCailíní: Ciana Ní Churraoin, Lisa Ní Chadhain, Adhna agus Siorcha Ní Bhraonáin.

Foireann "B" na gCailíní: Anna Ní Ódhráin Ní Mhurchú, Eimear Ní Bhiaidh, Sinéad Ní Mhaoláin, Mairéad Ní Chonghaile, Tiffiney Ní Choisdealbha.

Foireann na mBuaachaillí: Cian Ó Fátharta, Rónán Ó Beoláin, Cian Ó Conghaile, Conor Taggart, Dara Ó



Baill de Champa Samhraidh ag baint taitnimh as a dturas go dtí an Pinniúr Liathróid Láimhe in Inis Oírr i mbliana.



Triúr de Sheaimpíní Liathróid Láimhe an Domhain, Lauren O'Riordan as Ros Comáin in éineacht le laochra Chois Fharraige, Ciana Ní Churraoin agus Sinéad Ní hAinlí, agus Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa ag an ócáid a eagraíodh in ómós dóibh in Áras an Uachtaráin tar éis a ngaisce ag na Comórtais Domhanda i bPortland Oregon 2010. D'eagraigh Comhairle Contae na Gaillimhe ócáid eile ina n-onóir i Halla na Cathrach i nGaillimh in aitheantas don éacht a bhí déanta ag na cailíní.

Fátharta.

Beidh Féile na nGael ar siúl i gCo. Na Gaillimhe an bhliain seo chugainn

Comórtais Naisiúnta Liathróid Láimhe Aon Bhalla

Fiche cúig imreoir as Cumann Liathróid Láimhe Mhicheál Breathnach a thóg páirt sna Comórtais Naisiúnta Liathróid Láimhe Aon Bhalla a bhí ar bun san Ionad Spóirt agus Aclaíochta in Óstán Breaffy, Caisleán an Bharraigh i mbliana agus thug siad ocht dtrófaí abhaile leo mar seo a leanas:

Cailíní Faoi-12: An Chéad Áit :- Siorcha Ní Bhraonáin, Teach Mór; Pláta.

Cailíní Faoi-12: An Dara Áit :- Eimear Ní Bhiaidh, An Cnoc; Corn.

Cailíní faoi 14: An Chéad Áit :- Ciana Ní Churraoin, An Chathair ; Corn.

Buachaillí Faoi-14: An Chead Áit :- Cian ó Fatharta, Na hAille; Pláta.

Mná "C": An Chéad Áit :- Bobbí Uí Ainlí, Baile Liam; Corn.

Fir os cionn 55: An Dara hÁit :- Gerry Ó Fatharta, Na Forbacha; Corn.

Fir os cionn 65: An Chéad Áit :- Jimí Ó Fatharta, Na hAille; Corn.

Fir os cionn 65: An Dara hÁit :- Timín Ó Curraidhín, Cnocán Glas; Corn.

Bhí Frances Ní Churraoin as an gCathair ar Choiste

Stiúrtha an Chomórtais agus ba í Caitlín Ní Chualáin as an Teach Mór a chas Amhrán na bhFiann roimh na gCluichí Ceannais Sinsir. Seo é an dara huair a raibh an Comórtas seo ar bun ar aon láthair amháin agus d'éirigh thar barr leo aríst i mbliana.

Comórtas an Dara Leibhéal.

Bhuaigh Ciana Ní Churraoin agus Róisín Ní Chonghaile ar Má Cuilinn an comórtas Faoi 25 do "Choláiste na Coiribe".

Comórtas Foirne Contae

Bíonn Comórtas Foirne Contae d'ógánaigh ó 12/13 go dtí 16/17 ar siúl chuile bhliain. Ar an bhfoireann 12/13 bhí Rónán Ó Beoláin agus Cian Ó Conghaile ag seasamh an fhóid do Ghaillimh agus do Chonnacht, ach fuair Loch Garman an láimh an uachtar orthu sa gcluiche Leathcheannais. Ar fhoireann 14/15 bhí Cian ó Fátharta agus b'iad Ceatharlach a chuir de dhrom seoil iad ag an stáid chéanna.

Comórtas Deichniúir Cúige, Cailíní:

Bhí Ciana Ní Churraoin, Adhna Ní Bhraonáin agus Sinéad Ní hAinlí ar an bhfoireann seo i mbliana agus bhuaigh siad an comórtas ar na Cúigí eile éasca go maith.

Comórtas 60 x 30 Cailíní Faoi-14

Bhua Cianaigh Ní Churraoin an Chraobh Uile-Éireann ar an Satharn, 11 Meán Fómhair 2010 thíos i gContae Cheatharlach i gcoinne Emer Ní Loinsigh as Ciarraí.

Comórtas Ghael Linn

Comórtas álainn é seo do bhuachaillí agus cailíní Faoi-13 le chéile agus seasadh an fód don Chúige chomh maith. Rónán Ó Beoláin agus Anna Ní Ódhráin Ní Mhurchú a chuaigh go Páirc an Chrócaigh i mbliana.

Campaí Samhradh:

Reáchtáil an Cumann dhá Champa Samhradh arís i mbliana i mí Lúnasa, an chéad cheann d'fhoghlaimoírí agus an dara ceann dóibh sin a bhí ag cuir smaíse ar a gcuid scileanna. Bhí neart duaiseanna agus comórtais ar fail idir an Pinniúr ar an gCnoc agus Scoil Sailearna don Aon Bhalla. Ní raibh an tinreamh chomh hard i mbliana,



Pádraig agus Gerry



Na Máistirí: Timín Joe Tim, Pádraic Willie, Pádraic Tim agus Jimí Joe Shéamais ag ócáid All-Stars in RTÉ i mí na Samhna seo caite, an chéad uair ar tugadh aitheantas don Liathróid Láimhe i mbronnadh na ngradam.

(ní féidir leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal) ach bhain na baill an-sásamh as na campaí. Thug siad cuairt ar Inis Oírr mar chuid den champa agus d'imir siad Comórtas Poc Fada ar an bPáirc ansin, chomh maith le cluichí sa bPinniúr.

Cluichí Pobail.

Bhuaigh na Cailíní Faoi-13 Craobh Uile-Éireann arís i mbliana, den dara huair. Ar an bhfoireann bhí: Eimear Ní Bhiadha, Sinéad Ní Mhaoláin, Anna Ní Ódhráin Ní Mhurchú, Caoimhe Ní Choisdealbha, Sorcha Ní Bhraonáin agus Tiffany Ní Choisdealbha.

Comórtas na Máistrí:

Thug Gerry "Springer" Ó Fátharta an-taispeántas i gCraobh Chonnachta agus Meaití Ó Fátharta sa nGrád Diamaint singil. Chuaigh Meaití agus Jimí Ó Fátharta chomh fada leis an gCluiche Ceannais ach thug beirt as Loch Garman greadadh maith dhóibh ansin.

Comórtas Don Bhalla Bhaile Liam:

Bhí an-deireadh seachtaine ag an gcumann i mBaile Liam. Seo hiad na torthaí:

Cailíní Faoi-12:

An Chéad Áit : Eimear Ní Bhiaidh

An Dara hÁit : Sorcha Ní Bhraonáin

n

Cailíní Faoi-14: Ciana Ní Churraoin

Cailíní Faoi-16: Lisa Ní Chadhain

Mná: Bobbí Uí hAinlí

Chuaigh Gearóidín Ní Chadhain chomh fada le Cluiche Ceannais an Phláta.

Buachaillí Faoi-12: Ruadhan Ó Curraoin

Buachaillí Faoi-18: Chuaigh Diarmuid Ó Fátharta chomh fada leis an gcluiche ceannais áit ar chás sé ar sheaimpín an Domhain, Máirtín Ó Maoilchiaráin.

Fir: Bhuaigh Micheál Pheaits Ó Cualáin an Pláta sa gcomórtas seo.

Comórtas Ciseán Torthaí:

Comórtas álainn é seo a bhíonn ar siúl maidin Lá Nollag agus atá ag dul ar aghaidh os cionn 25 bliana. Is iad Gerry "Springer" agus Pádhraic Willie a thur leo na ciseáin i mbliana.

Comórtas Peile na Gaeltachta

Ba iad an Gerry agus an Pádhraic céanna a sheas an fód go Ghaillimh ag an gComórtas Peile i mBéal an Mhuirthead agus thug leo an craobh abhaile. Pinniúr 60x30 atá i Maigh Eo ach ba chuma leo siúd é, mar d'imir siad go hiontach ar fad mar a bheadh tine ar a gcráiceann le cumhach teaspaigh. Is e seo an 6ú craobh bainte amach ag an gCumann ó thosaigh sé.



Buaiteoirí Chomórtas Aon Bhalla CLG, Bobbí Uí hAinlí, Jimí Ó Fátharta agus Ciana Ní Churraoin.



Peter Mulryan agus Noel Dan in éineacht le Pádraic Willy Ó Fátharta agus Timín Ó Curraidhín tar éis a mbua i gCraobh na Gaillimhe de Chomórtas na Máistrí Diamaint 2006.



Buaiteoirí Fhéile na nGael 2010 i gCo. An Chláir, an tríú bliain as a chéile dóibh an comórtas seo a bhuachan. Ó chlé, Lisa Ní Chadhain, Ciana Ní Churraoin, Adhna agus Sorcha Ní Bhraonáin, lena muintir agus a gcairde.



Ag Faire ar an Tae: Noel Dan Ó Droighneáin i gcistíneach an Ionaíid Liathróid Láimhe in éineacht le Pádraig Willy Ó Fátharta agus Séamas Ó Conghaile as Maigh Cuilinn.



Ócáid bronnta an fheistis d'Fhéile na nGael ar imreoirí Chumann Mhicheál Breathnach agus an tAth. Micheál Ó Flannabhra i bhfeighil na n-imeachtaí. Ba iad Cumann Forbartha Chois Fharraige/Glór na nGael a rinne urraíocht ar an bhfeisteas nua seo.

Chun tosaigh, ó chlé: Sorcha Ní Bhraonáin, Cian Ó Conghaile, Eimear Ní Bhiaidh, Anna Ní Mhóráin Ní Mhurchú, Tiffiney Ní Choisdealbha agus Adhna Ní Bhraonáin.

An dara líne siar, ó chlé: Rónán Ó Beoláin, Conor Taggart, Dara Ó Fátharta, Sinéad Ní Mhaoláin, Ciana Ní Churraoin, Mairéad Ní Chonghaile, An tAth. Micheál Ó Flannabhra, Lisa Ní Chadhain agus Cian Ó Fátharta. Ar chúl tá an dá Shéamas Ó Fátharta agus iad i bhfeighil an Bhrrataigh Nua.

Siúlóid *Ability West*

Bunaíodh an eagraíocht Ability West i gcathair na Gaillimhe i 1963 chun cuidiú le daoine a bhfuil míchumais meabhrach orthu a gcuid aidhmeanna agus a mianta saoil a bhaint amach. Ó 1974 i leith, tá cúig Ionad Oideachais agus Forbartha do Leanaí bunaithe ag an éagraíocht ar fud an chontae agus cuireann siad sin oideachas agus oiliúint speisialta ar fáil do dhaltaí go mbeidh siad ocht mbliana déag d'aois. Tá ceann de na hIonaid sin lonnaithe ar an gCeathrú Rua.

Chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do Ability West, eagraítear siúlóidí agus imeachtaí ar fud an chontae chuile bhliain agus ar an leathanach seo tá pictiúir ón ócáid a bhí i gceantar Chois Fharraige níos luaithe i mbliana.



Siar sna Blianta



Siopa an Phobail mar a bhí thart ar 1980



Baibín agus Timín Joe Tim lena gcuid earraí ag Seó an Chlocháin i ndeireadh na seascaidí.



Cnocán Glas

Tigh Antoine John Niocláis Ó Curraidhin ar an gCnocán Glas sna caogaidí.



Seo pictiúr a tógadh mar chárta poist de dhaoine áitiúla ag déanamh turas chuig an tobar thiar Lá an Phátrúin.

Má tá aon eolas breise ag aon duine faoin bpictiúr, cé a thóg é, nó cé hiad na daoine atá ann, bheadh muid thar a bheith buíoch dá gcuirfí chugainn é.

[Míle buíochas le Tom Sailí Ó Fatharta a chur an pictiúr ar fáil do Choiste Pobail na Tulai.]



Máire Bn. Uí Mhainnín, nach maireann, i bhfeighil ranga i Scoil Sailearna i 1987. An bhfuil tú ann?



Sráidbhaile an Spidéil thart ar 1980

Siar sna Blianta



Ar chlé: Bairbre agus Joe Choilm Uí Churraidhin as Both Loiscthe, Júidín Thomáis Uí Churraidhin as Seana Mhóinín agus Máire Choilm Ní Churraidhin as Both Loiscthe sna seascaidí.



Seáinín Sheáin Shéamais as Seana Ghurráin agus na Emersons as Gaillimh tar éis lá iascaireachta ar Loch Bhoth Loiscthe.



Cóilín Mháirtín Choilm Ó Curraidhin as an gCré Dhubh taobh amuigh de Tigh Mhaitiú Sheáin Gabha ar an gCnocán Glas sna ceathaireachadaí.



Thuas, Ceathrar Mháméan Nellie Tom Pheaits Ó Curraoin, Máire Mháirtín Mhicil Ó Coisdealbha, Sarah Mhicil Johnny Ó Cualáin as Both Chuanna, agus Caitlín Sheáinín Mháire Neile Ní Chéidigh, seanmháthair chlann Tom Bán. Ceaptar gur sna fichedaí a tógadh an pictiúr den cheathrar ar an Teach Dóite agus iad ag tógáil scíthe ar a mbealach go Máméan, turas a rinne siad deich n-uaire san iomlán de shiúl a gcós trasna an tsléibhe.



Cé hIad Seo Thall?

Beirt ar a mbealach anoir ón Spidéal – tá béal an bhaile le feiceáil soir uait, bóthar Bhoth Chuanna ag dul suas ar chlé, an bóthar síos go céibh ar dheis agus teach stairiúil ar do dheis chomh maith (Le Tiarna Chill Aithnín?).

Meastar gur tógadh an pictiúr i Lúnasa 1932.

Siar sna Blianta



Chun tosaigh:

Peige Mhicil Uí Fhátharta (Ní Dhomhnaill as an gCeathrú Rua roimh phósta di) agus a fear céile Paddy Ó Fátharta as na Minna.

Ar chúl:

Nóra Mháirtín Uí Neachtain (Fáthartach roimh phósta di), a mac Michael John Ó Neachtain, a fear céile John Mhaidhc Mhaitiú (Ó Neachtain) agus Cóil Phaddy Ó Fátharta (mac le Peige agus Paddy).

Tógadh an pictiúr thart ar 1970.



Thuas: Ar an teallach Tigh Mháirtín Sheáin Gabha ar an gCnocán Glas sna caogadaí - teach mór cuartaíochta agus imirt chártaí.

Ó chlé: Brídín Mhaitiú (ina seasamh), Seán Bheairtle, an dornálaí Seán Thornton, Máirín Mhaitiú (ina seasamh) agus an t-amhránaí Tom Shéamais Uí Chadhain.



Thall: Patrick & Deaideo Paddy Feártaí (Ó Fatharta) as na Minna agus a gharmhac Patrick thart ar 1965?

Thíos: Eddie Mhaidhc Ned Ó Feinneadha as an bPáirc agus Joe Choilm Uí Churraidhin ar Loch Bhoth Loiscthe agus an tOileán Mór ar a gcúl.



Brídín Mhaitiú, Máirtín Vincent Ó Feinneadha agus Joe Ghabha Ó Conghaile ar a sáimhín só ar an gCré Dhubh i dtús na seachtóidí.

Breathnaigh na Cathrach

Bailiúchán é seo a chuir Máirtín Tom Bán ar fáil do Bhiseach



1



2



3



4

① Pádraig Breathnach, mac le Peaits Breathnach, ina shaighdiúr ar an Rinn Mhór.

② Pádraig Breathnach agus a bhean Lilly Ní Chinnéide i mBaile Átha Cliath a tógadh an pictiúr sin sna seascaidí.

③ Cáitín Bhoth Chuanna, Mamó Tom Breathnach as an gCathair agus máthair Pheaits, Steve agus Tom Breathnach arbh leo an Crúiscín Lán an lae inniu (Tigh Tim Johnny lá den tsaol).

④ Peaits Breathnach, (athair Tom Bán) agus a bhean, Jude Ní Mhárta an lá a ndeachaigh a mac, Maidhc, go Meiriceá (thart ar 1912).

⑤ Cóil Bán Breathnach ag fanacht leis an mbus agus é ar a bhealach go Sasana i 1935. Fear a raibh cáil na láidreachta air agus scéalta insithe faoina chuid gaiscí ar Pháirc Chreach Oileáin lá dá raibh. Ach fágfaidh muid sin mar atá sé! Tá Cóil beo beithíoch thall i Sasana go fóill, bail ó Dhia air.

⑥ Tom Bán Breathnach agus a dheirfiúr, Máire, ar a céad chuairt as Meiriceá i 1979. Mhair sí thall i Meiriceá go raibh sí 99 mbliana d'aois.

⑦ Iománaithe na Cathrach, ó chlé – Máirtín Tom Bán Breathnach, Colm Mharcais Ó Cualáin, Seán Chorney Ó Conghaile agus Pádraig Tom Bán Breathnach.

Tabhair faoi deara an tráchttaire, Seán Bán, ina shuí go péacach ar an gcathaoir, (gan aon nótaí!).



5




6



7

8 Steve Óg Breathnach agus a chapall Muinice ag déanamh ar an margadh i nGaillimh. Ceaptar gurb shin iad ballaí sheanphríosún na Gaillimhe taobh thiar den charr – an áit a bhfuil an Ardeaglais anois.

9 Seán agus Máirtín Tom Bán as an gCathair agus iad ag baint fhataí siar sna seascaidí. Ar a gcúl ar dheis tá seanteach Bheairtle Thaidhg Gabha Ó Conghaile agus siar uathu ar chlé tá seanteach Phádraig Coyne agus a bhean Máire Tim – tabhair faoi deara gur díon ceann tuí gabhal éadain atá ar an teach sin.



8



9

Páidín An Bhata Mhóir

Bhí fear agus bean ann fadó agus a raibh mac acu ar bhaiste siad Páidín air. Chuir a athair crann an lá a rugadh Páidín. Faoin am a raibh Páidín seacht mbliana d'aois, chuir a athair amach é ag baint an chrainn. Níor éirigh le Páidín an crann a bhaint an chéad bhabhta seo. D'fhan na tuismitheoirí go dtí go raibh Páidín cheithre bliana déag d'aois. Amach leis arís agus d'fhéach sé leis an gcrann a strachailt as an talamh ach diabhal stangadh as an talamh ach diabhal stangadh féin a bhain sé as.

Bhí go maith agus ní raibh go holc. D'fhás Páidín suas ina fhear mhór agus faoin am a raibh sé bliain is fiche, d'iarr a mhuintir air a ghabháil amach arís ag baint an chrainn. Ní raibh blas strómh ar Pháidín an babhta seo a crann a stróiceadh leis agus ní hé amháin sin, ach tharraing sé préamhacha agus créafóg in éineacht leis a mheáigh dhá scór tonna.

Shocraigh Páidín ansin go ngabhfaidh sé ag tóraíocht oibre. Bhí a thuismitheoirí sásta scaoileadh leis. An lá a raibh sé le n-imeacht, rinne a mháthair dhá chaca, ceann mór agus ceann beag. Thaispeáin sí na cácaí do Pháidín agus thairg sí ceann acu dhó – an ceann mór lena mallacht agus an ceann beag lena beannacht. Thóg Páidín an ceann beag lena beannacht. Bhuaile sé bóthar an mhaidín dár gcionn agus choinnigh sé ar ag siúl go dtí titim na hoíche. Ansin chonaic sé solas i bhfad uaidh. Rinne sé ar an solas. Bhuaile sé an doras agus tháinig fear an tí amach. D'fhiafraigh sé do, an raibh aon obair aige. Feiliméara ab ea an fear seo. Dúirt sé leis gur theastaigh fear go géar uaidh agus a bheith réidh go luath ar maidin. Rinne an bheirt margadh go mbeadh obair bliana ag Páidín. Bhí pá le fail ag deireadh na bliana agus bhí lóistín saor in aisce aige i gcaitheamh na bliana.

Maidin lá arna mháireach, tugadh capall agus carr do Pháidín agus bhí air ghabháil 'un an bhaile mhóir agus mangarae a thabhairt abhaile. Chaith Páidín an bata mór isteach sa gcarr agus blas ar bith ach go raibh an capall in ann é a

tharraingt! Chuir Páidín an mangarae uilig a theastaigh ón bhfeiliméara isteach sa gcarr agus bhris droim an chapail! Chroch Páidín an capall, an carr agus an mangarae suas ar a dhroim agus bhuaile an bóthar abhaile. Bhí iontas an domhain ar an bhfeiliméara nuair a chonaic sé an bodach ag teacht agus an t-ualach ar a dhroim.

"Ó", a deir an feiliméara lena bhean, "tá an bodach mór ag teacht agus drochghnó air".

Nuair a chonaic an feiliméara an gníomh a bhí i bPáidín, ní mó na sásta a bhí se, go mbeadh sé ag obair aige. Bheartaigh sé obair a bheadh dodhéanta a thabhairt le déanamh dhó lá arna mháireach.

Bhí Páidín ina shuí leis an gcofaoineach. Ní raibh uaidh ach a bheith ag obair. Dúirt an feiliméara leis go gcaithfeadh sé a ghoil síos go hlfreann faoi dhéint a dheartháir.

"Cén chaoi a n-aithneoidh mé é?", a deir Páidín.

"Tá fiacail fhada ina charbad uachtair", a deir an feiliméara, "agus fiacail ghearr ina charbad íochtair".

D'imigh Páidín leis. Nuair a chonaic na diabhair ag teacht é, chuir siad glas ar gheataí Ifrinn, mar scanraigh an feithideach diabhail seo iad. Tharraing Páidín iarradh ar na geataí, a leag iad, agus isteach leis.

"Céard atá uait?", a deir na diabhair.

D'inis Páidín dóibh go raibh dearthair an fheiliméara ag teastáil uaidh agus go raibh sé le é a thabhairt abhaile leis.

"Oibrigh leat", a deir na

diabhair. "Croch leat é".

Nuair a chuaigh Páidín ag tóraíocht, bhí fiacail fhada i gcarbad chuile chréatúr dá raibh ann, agus fiacail ghearr ina gcarbad íochtair!

"Croch leat iad uilig", a deir na Diabhair!

Thiomáin Páidín na créatúir seo amach roimhe agus ar aghaidh leis i dtreo theach an fheiliméara. Bhí an feiliméara ina bhambairne ceart nuair a chonaic sé an scata seo ag teacht agus Páidín á dtiomáint roimhe.

"Ó" a deir sé, "croch leat arís ar ais go hlfreann iad!".

Nuair a tháinig Páidín ar ais bhí a intinn déanta suas ag an bhfeiliméara, go gcaithfeadh sé fail réidh le Páidín. Dúirt sé le Páidín ná raibh aon obair eile le déanamh ar an bhfeilm agus go bhféadfadh Páidín a ghoil abhaile.

"Socrú bliana a bhí againn", a deir Páidín, "agus ní fhágfaidh mé ball na háite seo go dtí go mbeidh an bhliain curtha isteach agam".

Thairg an feiliméara pá na bliana dhó, ach ní raibh Páidín sásta. Théis chuile sháraíocht faoi dheireadh fuair Páidín mála airgid agus sin é an fear a raibh ríméad air a' goil abhaile go dtí a thuismitheoirí. Ní raibh aon chall ar cheachtar den triúr ach an chuid eile dá saol!

Joe Shéamais Ó Fátharta, go ndéana Dia grásta air, a d'inis an scéal seo dhá chuid gasúir sna hAille sna ceathrachadaí agus sna caogadaí. D'fhéadfadh sé gur ó Pháidí Dhiarmuda Ó Fatharta, a uncail, a fuair seisean an scéal.